



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Samhain 2023
(OR. en)

15094/23
ADD 1

ELARG 71
COWEB 135
COEST 586

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	9 Samhain 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 690 final
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Teachtaireacht 2023 maidir le Beartas an Aontais um Méadú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 690 final - annexes.

Faoi iamh.: COM(2023) 690 final - annexes



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.11.2023
COM(2023) 690 final

ANNEXES 1 to 5

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA
NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

Teachttaireacht 2023 maidir le Beartas an Aontais um Méadú

{SWD(2023) 690 final} - {SWD(2023) 691 final} - {SWD(2023) 692 final} -
{SWD(2023) 693 final} - {SWD(2023) 694 final} - {SWD(2023) 695 final} -
{SWD(2023) 696 final} - {SWD(2023) 697 final} - {SWD(2023) 698 final} -
{SWD(2023) 699 final}

Larscríbhinn 1. Gnéithe bunúsacha an phróisis aontachais

An **smacht reachta, cearta bunúsacha, feidhmiú institiúidí daonlathacha agus athchóiriú ar an riarachán poiblí** – agus na **critéir eacnamaíocha**, is iad croílár ‘**ghnéithe bhunúsacha**’ phróiseas aontachais an Aontais, mar a thugtar orthu. Is é cáilíocht na n-institiúidí agus an rialachais an bonn chun feabhas a chur ar an iomaíochas, ar an rathúnas agus ar fholláine na sochaí, agus tá sí ina bonn taca faoin gcumas an *acquis* a chomhlíonadh ar bhonn uilechoiteann. Dá bhrí sin, tá athchóirithe inchreidte do-aisiompairthe ar na gnéithe bunúsacha rithábhachtach do thíortha an mhéadaithe chun dul chun cinn a dhéanamh ar a gconair aontachais leis an Aontas féin.

I roinnt tíortha méadaithe, tugadh roinnt dul chun cinn faoi deara maidir le **hathchóiriú ceartais, cearta bunúsacha**, agus feidhmiú an **riaracháin phoiblí**, lena n-áirítear bainistíocht airgeadais phoiblí. Tugadh faoi deara, go háirithe sa Mholdóiv agus san Úcráin, treisiú seasta ar an obair ar na cláir oibre athchóirithe. Ar an iomlán, bhí an dul chun cinn maidir leis na **critéir eacnamaíocha aontachais** a chomhlíonadh fós rómhall chun an bhearna eacnamaíoch leis an Aontas a laghdú go substaintiúil.

Tá samplaí maithe i dtíortha an mhéadaithe de chlár oibre athchóiriúcháin atá á gcur chun cinn chun institiúidí agus sochaithe a athrú ó bhonn i bhfianaise na ndeiseanna a bhaineann le haontachas leis an Aontas. Tá go leor constaicí ann fós, áfach. Cé nach bhfuil sé aonfhoirmeach ar fud na dtíortha, tá patrún diúltach agus inníoch ann i gcoitinne de fhrithbheartaíocht pholaitiúil agus institiúideach scaipthe in aghaidh an athraithe, go háirithe maidir leis an **gcomhrac in aghaidh an éillithe** a neartú. Is tosaíocht thábhachtach i gcónaí é an tiomantas leanúnach chun éilliú a chosc agus cultúr ionracais a chothú, lena n-áirítear trí bhearta frith-éillithe a phríomhshruthú ar fud na n-earnálacha is leochailí. Teastaíonn cumhachtú níos mó agus an neamhspleáchas is gá ó chomhlachtaí forfheidhmithe dlí agus ó chomhlachtaí breithiúnacha chun comhrac fhónta neamhchlaonta in aghaidh an éillithe a ráthú. Is cúis inní é go bhfuil gnéithe den ghreamú stáit fós ann, agus tá bagairtí ar an gcobhsaíocht dhaonlathach, an t-éilliú ardleibhéil agus tionchar míchuí ó olagarcaí fós le feiceáil, mar aon le hiarrachtaí ó líonraí coiriúla eagraithe cur isteach ar gheilleagair, córais pholaitiúla, riaracháin agus timpeallachtaí meán na dtíortha. Ní mór aghaidh a thabhairt go práinneach ar na dúshlán sin uile trí chineálacha cur chuige córasacha agus cuimsitheacha.

Cuntas teiste inchreidte maidir le himscrúduithe réamhghníomhacha, ionchúisimh agus ciontuithe deiridh a bhaineann leis an éilliú, leis an gcoireacht eagraithe agus le sciúradh airgid, beidh sé sin ina phríomhtháscaire go bhfuil aghaidh á thabhairt ar na treochtaí sin. Tá sé rithábhachtach do thíortha an mhéadaithe éifeachtacht a ngníomhaireachtaí imscrúdaitheacha, a seirbhísí ionchúisimh agus a gcúirteanna coiriúla a léiriú. Chun bheith inchreidte, ba cheart do na gníomhaithe uile i slabhra an smachta reachta torthaí daingne a bhaint amach trí imscrúduithe airgeadais spriocdhírithe, a mbeadh coigistiú córasach na bhfáltas ó choireacht ina thoradh orthu.

Maidir le **cearta bunúsacha**, tá roinnt dul chun cinn déanta i gcuid de thíortha an mhéadaithe chun tuiscint níos fearr ar thábhacht na gceart agus na saoirsí sin a ráthú. An tráth céanna, lean roinnt treochtaí diúltacha ar aghaidh le blianta beaga anuas agus tá foréigean inscnebhunaithe fós forleathan, agus leanadh de bhac a chur ar shaoirse na meán de bharr leasanna polaitiúla agus eacnamaíocha, rud a lagaíonn an smacht ar na húdaráis phoiblí, a chruthaíonn spás don trasnaíocht eachtrach agus a dhéanann dochar don chumarsáid faoin Aontas. I dtíortha áirithe, tá roinnt tionscnaimh dhearfacha á gcur i bhfeidhm maidir le cearta an linbh agus cearta daoine faoi mhíchumas. Sa chleachtas, áfach, déantar difear diúltach do

chosaint na gceart bunúsach mar gheall ar chur chun feidhme easnamhach dlíthe agus beartas agus mar gheall ar neamhéifeachtacht na sásraí sásaimh ar bhonn uilechoiteann. Tá dúshlán fós ann maidir le cosaint éifeachtach ar gach cineál fuatha agus idirdhealaithe a áirithiú, lena n-áirítear an cineál sin fuatha agus idirdhealaithe atá dírithe ar mhionlaigh.

Feidhmiú institiúidí daonlathacha

Is colún lárnach de phróiseas aontachais an Aontais iad próisis dhaonlathacha atá cobhsaí agus comhdhlúite. Tá tús curtha ag an gCoimisiún le rannpháirtíocht neartaithe agus chuíchóirithe le tíortha an mhéadaithe a chur chun feidhme maidir leis an gcreat ginearálta don daonlathas, cé acu a bhaineann nó nach mbaineann sé sin leis an bpróiseas toghcháin, le feidhmiú na Parlaiminte (lena n-áirítear a ról maoirseachta i bhfeidhmíocht rialtais agus i gceapadh beartas agus an spleáchas iomarcach atá ar nósanna imeachta brostaithe i roinnt mhaith cásanna fós), nó le ról na sochaí sibhialta. Lean deighilt pholaitiúil shuntasach, easpa comhar traspháirtí, agus laghdú spáis don tsochaí shibhialta de dhifear a dhéanamh d'fhormhór na dtíortha.

Reáchtáladh roinnt **toghchán** sa tréimhse thuairiscithe i dtíortha an mhéadaithe, lena n-áirítear an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, Montainéagró agus an Tuirc. I bhformhór na dtíortha, tá athchóirithe fós ar feitheamh chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí atá fós gan réiteach ón Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine ag an Eagraíocht um Shlándaíl agus Comhar san Eoraip (ESCE/ODIHR). Níor tugadh aghaidh fós ar chaighdeán an Ghrúpa Stát i gCoinne na hÉillitheachta (GRECO) a bhaineann le maoiniú páirtithe polaitiúla sa Mhacadóin Thuaidh agus sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin.

A mhéid a bhaineann le **hobair pharlaiminteach**, is minic a bhí an deighilt ina gné infheicthe di. Bhí sáinn pholaitiúil fhada agus marbhántacht athchóirithe ann mar thoradh ar easpa idirphlé éifeachtach traspháirtí. Tugadh an méid sin faoi deara i Montainéagró, san Albáin, sa Mhacadóin Thuaidh agus sa tSeoirsia, mar shampla. I gcásanna áirithe, bhí teannas, caint mhaslach agus teagmhais fhoréigneacha ócáideacha i gceist leis na díospóireachtaí iomlánacha, mar a tharla sa tSeoirsia agus sa Chosaiv. San Úcráin, d'ainneoin na n-imthosca urghnácha, léirigh an Pharlaimint athléimneacht agus toil láidir pholaitiúil, go háirithe i réimsí atá ríthábhachtach do lánpháirtiú na hÚcráine leis an Aontas. Rinneadh cúraimí reachtacha go córasach, rud a d'áirithigh próiseas cinnteoireachta daonlathach gan bhriseadh.

Breithiúna agus cearta bunúsacha

Tá gá le hinstitiúidí cobhsaí a fheidhmíonn go maith chun an smacht reachta a dhaingniú. Chuige sin, tá gá le **córas breithiúnach** atá neamhspleách, neamhchlaonta, cuntasach agus ar ardchaighdeán, a fheidhmíonn go héifeachtúil agus a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige, atá saor ó chur isteach seachtrach míchuí, agus a ndéantar a gcinntí a fhorghníomhú go héifeachtach agus go tráthuil. Rinneadh dul chun cinn i gcásanna áirithe, agus cuireadh athchóirithe breithiúnacha chun cinn, mar shampla, **san Albáin, sa Mholdóiv, sa tSeirbia** agus **san Úcráin**. Mar sin féin, i bhformhór thíortha an mhéadaithe, tá comhlachtaí breithiúnacha fós neamhchosanta ar go leor dúshlán agus leochaileachtaí. Iarrachtaí polaitheoirí tionchar poiblí a imirt ar ghiúistísí nó iad a ionsaí, go háirithe nuair a bhíonn siad ag déileáil le cásanna íogaire, ba chleachtas contúirteach athfhillteach i roinnt tíortha é sin fós. D'fhan socruithe institiúideacha a dhéanann difear diúltach do neamhspleáchas breithiúna agus ionchúisitheoirí i bhfeidhm, rud a rinne difear ar deireadh do chothromaíocht agus do dheighilt na gcumhachtaí stáit. Mar thoradh air sin, d'fhan creidiúnacht na mbreithiúna sách íseal ar an iomlán, agus thug an pobal faoi deara i gcoitinne go mbíonn

deántóirí coire saor ó phionós. I roinnt tíortha, léirítear le hathchóirithe ceartais nach bhfuil ach acmhainneacht cur chun feidhme theoranta ann fiú i gcás ina bhfuil an toil pholaitiúil ann. Tá éifeachtacht na n-údarás imscrúdaitheach agus breithiúnach, a mbeidh cuntas teiste inchreidte torthaí ina thoradh air, fíor-riachtanach chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le haontachas. Is gá tuilleadh athchóirithe a dhéanamh ar chreat dlíthiúil na **Seoirsia** maidir le feidhmiú na mbreithiúna agus ní mór céimeanna diúltacha a sheachaint. Leanadh de chúlú tromchúiseach sa **Tuirc** agus d'fhan na heasnaimh struchtúracha i bhfeidhm, go háirithe maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna agus easpa srianta agus ceartúchán sa chóras Uachtaránachta.

Tá an **comhrac in aghaidh an éillithe** fós ina thosaíocht do rialtais i dtíortha an mhéadaithe. Tá an **t-éilliú**, lena n-áirítear an t-éilliú ardleibhéil, fós forleathan, agus is ábhar imní fós é fostú na leasanna poiblí agus príobháideacha. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh cleachtais éillitheacha agus tionchar a fheidhmíonn **olagarcaí** a bheith ina gcúis le rioscaí maidir le greamú stáit. Tá an dul chun cinn maidir leis an éilliú a chosc agus a chomhrac go héifeachtach mall agus tá gá le cur chuige sistéamach marthanach agus gníomhaíocht thiomnaithe i bpríomhearnálacha atá leochaileach don éilliú. Is gá bearta frith-éillithe a thionscnamh nó leanúint de bhearta frith-éillithe a phríomhshruthú i bpríomhearnálacha, measúnuithe riosca spriocdhírithe a dhéanamh chun cur le ceapadh beartas, agus pleananna athchóirithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm. Tá gá fós le toil pholaitiúil níos láidre agus le hiarrachtaí soiléire athchóirithe chun feabhas a chur ar an trédhearcacht agus ar chultúr ionracais agus chun cuntas teiste áititheach maidir le himscrúduithe, ionchúiseamh agus ciontuithe deiridh a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear ar ardleibhéal. Tá straitéisí agus pleananna gníomhaíochta frith-éillithe i bhfeidhm agus is gá iad a thabhairt cothrom le dáta agus a chur chun feidhme ar bhealach córasach agus struchtúrtha, é san áireamh trí acmhainní buiséadacha iomchuí agus trí fhaireachán tiomnaithe chun a gcur chun feidhme éifeachtach a áirithiú. Tá soláthar poiblí, maoiniú páirtithe polaitiúla, bainistíocht airgeadais phoiblí, fuinneamh, iompar, sláinte, uisce, bonneagar, acmhainní nádúrtha agus oideachas fós ina réimsí a bhfuil baol mór éillithe ag baint leo agus a dteastaíonn bearta níos láidre agus níos uailmhianaí ina leith. A mhéid a bhaineann le cos ar bolg, is cúis imní é an cuntas teiste íseal i gcoitinne maidir le héifeachtacht na n-imscrúduithe agus maidir leis an obair leantach bhreithiúnach.

Ar fud tíortha an mhéadaithe, cumhdaítear agus cosnaítear **cearta bunúsacha** leis an dlí go ginearálta, ach tá dúshlán fós ann maidir le cur chun feidhme éifeachtach na gceart sin a áirithiú. Tá na creataí reachtacha agus beartais á gcur i gcrích de réir a chéile mar thoradh ar aontachas tíortha le hionstraimí Eorpacha um chearta an duine agus mar thoradh ar ailíniú le *acquis* an Aontais. Is amhlaidh atá go háirithe maidir le hathchóirithe ar chosaint sonraí. Mar sin féin, tá an cur chun feidhme fós mall, agus tá bearnaí sistéamacha fós ann i gcistiú na mbeartas arna nglacadh chun cosaint chearta an duine a neartú, rud a fhágann go bhfuil go leor earnálacha ag brath ar dheontóirí. Ar bhonn thaithí na hAlbáine, na Macadóine Thuaidh agus na Seirbia, rannchuideoidh aontachas tíortha eile is iarrthóirí mar bhreathnóirí le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha le córas cuimsitheach faireacháin agus bailithe sonraí a fhorbairt lena n-áirítear go gcuirfear reachtaíocht, beartais agus straitéisí maidir le cearta an duine chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí.

I gcuid mhór den réigiún, tá ról lárnach ag institiúidí Ombudsman agus ag comhlachtaí neamhspleacha agus rialála eile, amhail comhlachtaí comhionannais, maidir le faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na Stát chun **cearta an duine** a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh, de réir a n-oibleagáidí idirnáisiúnta. Mar sin féin, ní leor a neamhspleáchas éifeachtach, a n-acmhainní agus a n-acmhainneachtaí go fóill, mar aon leis an obair leantach ar a gcuid moltaí. Ní mór do rialtais sa réigiún aghaidh a thabhairt go comhsheasmhach ar

mholtaí uile na gcomhlachtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha faireacháin um chearta an duine, lena n-áirítear na moltaí maidir le dálaí príosúin agus maidir le céastóireacht agus drochíde a chosc. Is amhlaidh atá go háirithe i dtíortha amhail an Mhacadóin Thuaidh, an Mholdóiv agus an tSeirbia, áiteanna nár tugadh aghaidh go córasach ar mholtaí an Choiste Eorpaigh chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc. Leanann an tsochaí shibhialta de bheith ag cur le gníomhaíocht an rialtais maidir le seirbhísí a sholáthar do dhaoine ar leochaileach a gcás, nó fiú gníomhaíocht eile a chur in ionad na gníomhaíochta sin, mar shampla trí thearmainn d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe nó d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine san Albáin agus sa tSeirbia. Sna Balcáin Thiar, tá na hábhair inní agus na moltaí i dtuarascálacha na mblianta roimhe sin bailí den chuid is mó agus ní mór aghaidh a thabhairt orthu mar ábhar práinne. Sa Tuirc, lean staid chearta an duine de bheith ag dul in olcas agus is cúis mhór inní go fóill í, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le breithiúnais áirithe ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine nár cuireadh chun feidhme, go háirithe i gcás Kavala.

Is príomhcholuín de shochaí dhaonlathach iad **an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh** agus saoirse agus iolrachas na meán, agus ní mór iad a urramú. Ba theoranta an dul chun cinn nó an cúlú a rinneadh, má rinneadh dul chun cinn nó cúlú ar bith, maidir le haghaidh a thabhairt ar mholtaí a rinneadh roimhe seo i réigiún na mBalcán Thiar. I roinnt tíortha, bhí deighilt pholaitiúil dhomhain le sonrú i dtírdhreach na meán. Déanann comhchruinniú na meán agus tionchar polaitiúil ar na meáin i roinnt tíortha dochar don iolrachas, don neamhspleáchas agus d'fhorbairt na hiriseoireachta gairmiúla ar ardchaighdeán. Tá drochdhálaí saothair fós ann d'iriseoirí, rud a bhféadfadh féinchinsireacht a bheith ina thoradh air. Is cúis mhór inní ar fud an réigiúin fós iad cásanna de bhagairtí, d'imeaglú agus d'fhoréigean in aghaidh iriseoirí agus caint dhímheasúil ó oifigigh phoiblí. Tá iarrachtaí á ndéanamh i roinnt tíortha chun dul i ngleic leis an bhfeiniméan sin, ach ní mór do gach tír a áirithiú go ndéanfar obair leantach bhreithiúnach chórasach ar gach cás. Easpa cosanta d'iriseoirí agus obair leantach neamhéifeachtach ar chásanna, d'fhéadfadh éifeacht athchomhairleach a bheith acu ar fheidhmiú shaoirse na meán.

Go ginearálta, déanann easpa cistithe agus tionchar polaitiúil dochar do neamhspleáchas na gcraoltóirí poiblí. Ní mór neamhspleáchas rialtóirí na meán a ráthú, lena n-áirítear trí cheapacháin atá bunaithe ar fhiúntas i struchtúir bhainistíochta. I gcás nach amhlaidh atá, mar shampla sa tSeirbia, ní mór do rialtóirí gníomhú go neamhchlaonta agus a sainorduithe a fheidhmiú go hiomlán. Ní mór tuilleadh tacaíochta a thabhairt freisin d'fheidhmiú éifeachtach comhlachtaí féinrialála neamhspleacha. Ní mór do gach tír trédhearcacht maidir le cistiú na meán a mhéadú. Mar thoradh ar iarrachtaí chun bréagaisnéis na Rúise a chomhrac, cuireadh ceadúnais chraolacháin sa Mholdóiv ar fionraí agus blocáladh acmhainní gréasáin san Úcráin. Sa Tuirc, leanadh de chúlú tromchúiseach maidir le saoirse chun tuairimí a nochtadh. Leanadh de chúisimh choiriúla agus de chiontuithe coiriúla a ghearradh go córasach ar iriseoirí, cosantóirí chearta an duine, dlíodóirí, scríbhneoirí, polaiteoirí ón bhfreasúra, mic léinn agus úsáideoirí na meán sóisialta.

I bhformhór na dtíortha, tá na húdaráis ag obair chun an creat dlíthiúil agus institiúideach a chur i bhfeidhm chun gealltanais i **réimse an chomhionannais inscne a chur chun feidhme agus chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac**, go háirithe chun forálacha Choinbhinsiún Iostanbúl a thrasú. Dhaingnigh comhpháirtithe uile an mhéadaithe an Coinbhinsiún, seachas an Chosaiv, mar gheall ar shaincheisteanna stádais, agus an Tuirc, ar dhearbhaigh an Chomhairle Stáit go raibh a tarraingt siar críochnaitheach. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun an comhionannas inscne a fhíorú agus chun inbhuanaitheacht na mbeartas a áirithiú. Tá foréigean inscnebhunaithe fós ann i gcuid mhór den réigiún. Ní mór do gach tír an cúnamh a thugtar d'íospartaigh gach cineál foréigin a neartú. Is ábhar inní é go

bhfuil méadú ag teacht ar úsáid téarmaí dímheasúla nó fuathchainte atá dírithe ar pholaiteoirí, iriseoirí agus cosantóirí chearta an duine ar mná iad sa dioscúrsa poiblí, go háirithe sa Tuirc, i Montainéagró, sa tSeirbia agus sa Mhacadóin Thuaidh. Tá cásanna fuathchainte agus foréigin ann freisin in aghaidh daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha, idirghnéasacha agus *queer* (LGBTIQ), a gceistítear a gcearta bunúsacha i roinnt tíortha go minic.

Tá dlíthe agus beartais i bhfeidhm go ginearálta maidir le **neamh-idirdhealú**, lena gcomhraictear coireanna fuatha agus an fhuathchaint, ach ní mór aghaidh a thabhairt ar bhearnaí agus ar easnamh sa reachtaíocht atá fós ann, lena n-áirítear i ndáil le forais chosanta. Comhlachtaí comhionannais agus institiúidí eile a bhfuil sé de chúram orthu cóir chomhionann a chur chun cinn agus beartais neamh-idirdhealaithe a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, ní mór acmhainní leordhóthanacha a thabhairt dóibh chun a sainordú a chomhlíonadh, lena n-áirítear cúnamh d'íospartaigh, suirbhéanna a dhéanamh, agus ní mór foilsiú tuarascálacha agus moltaí a áirithiú.

Cé go bhfuil sásraí chun **cearta an linbh** a neartú i bhfeidhm go ginearálta, is gá comhordú idirinstiúideach a fheabhsú go mór ar fud an réigiúin, go háirithe sa Chosaiv agus sa Mhacadóin Thuaidh, chun éifeachtacht na gcóras cosanta leanaí a áirithiú, i gcomhréir le leas an linbh. Tá dúshlán fós ann maidir le rochtain éifeachtach ar an oideachas a áirithiú do leanaí san Úcráin agus do leanaí easáitithe ón Úcráin. Ní mór córais cheartais lena dtacaítear le leanaí a fhorbairt a thuilleadh agus roghanna malartacha eile seachas coinneáil a chur ar fáil agus a úsáid ar bhealach níos córasaí, agus níor cheart an choinneáil a úsáid ach mar rogha dheireanach agus ar feadh na tréimhse ama iomchuí is gairide. Is ábhar mór imní fós é foréigean in aghaidh leanaí agus póstaí luatha. Tá sonraí iontaofa inchomparáide atá imdhealaithe de réir aoise agus gnéis in easnamh i bhformhór na gcásanna agus tá siad fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean in aghaidh leanaí. Is ábhar imní in go leor tíortha é institiúidí leanúnach leanaí gan cúram tuismitheora agus leanaí agus daoine faoi mhíchumas, go háirithe sa tSeoirsia, sa Mholdóiv, san Úcráin agus sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin. Is í an Mhacadóin Thuaidh an t-aon tír amháin a bhain dí-institiúidí iomlán leanaí ó institiúidí mórsála amach. Cé go bhfuil iarrachtaí á ndéanamh chun na sásraí a neartú chun **cearta daoine faoi mhíchumas** a fhorfheidhmiú, beidh gá le leibhéal i bhfad níos airde infheistíochta chun a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an aistriú chuig cúram pobalbhunaithe, maireachtáil neamhspleách, inrochtaineacht agus cuimsiú.

Tá cearta daoine ar de **ghrúpaí mionlaigh** iad fós á gcosaint go míchothrom ar fud an réigiúin. Ní mór creataí dlíthiúla agus sásraí cur chun feidhme a thabhairt chun críche fós san Albáin, sa tSeoirsia, sa Mholdóiv agus san Úcráin, agus ní mór don tSeirbia agus don Mhacadóin Thuaidh aghaidh a thabhairt ar mholtaí Choiste Comhairleach an Chreat-Choinbhinsiúin maidir le Mionlaigh Náisiúnta. Is iad na **Romaigh** an pobal is díothaí fós agus is minic go ndéantar idirdhealú orthu agus go dtarlaíonn eachtraí inspreagtha ag fuath dóibh, chomh maith le heisiamh sóisialta agus eacnamaíoch.

Ceartas, saoirse agus slándáil

Tá na Balcáin Thiar agus an Tuirc fós ina dteophointí maidir le gníomhaíochtaí coiriúla agus grúpaí coireachta eagraithe atá gníomhach san Aontas, agus feidhmíonn siad mar phointe idirthurais tábhachtach do smuigleáil imirceach, d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine agus do thráchtearraí aindleathacha a thagann isteach san Aontas trí bhealaí éagsúla de chuid bhealach na mBalcán. Bíonn tionchar mór ag coirpigh agus ag líonraí coiriúla ón réigiún ar choireacht thromchúiseach agus eagraithe in áiteanna eile ar domhan, lena n-áirítear i Meiriceá Laidineach agus i Meiriceá Theas, áiteanna a bhfuil ról tábhachtach acu i dtrádáil

dhomhanda an chócaoin agus in idirthuras na hearóine ar a ndéantar gáinneáil chuig an Aontas, agus ina n-éascaíonn siad teacht isteach íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, imirceach neamhrialta agus tráchtearraí aindleathacha i dtíortha an Aontais. An bonneagar coiriúil a forbraíodh chun hearóin agus drugaí sintéiseacha a gháinneáil, úsáidtear é chun gáinneáil a dhéanamh ar chócaon trasna bhealaí na mBalcán sa dá threo agus chuig calafoirt na Mara Duibhe.

Tá grúpaí coireachta eagraithe ón Moldóiv agus ón tSeoirsia gníomhach i smuigleáil imirceach, coireacht mhaoine eagraithe, gáinneáil ar dhaoine, coireacht chibirspleách, calaois íocaíochta neamhairgid, calaois chánach, gáinneáil ar airm thine agus coireanna gaolmhara eile amhail calaois doiciméad. Is grúpaí ilchoiriúla iad cuid mhaith de na grúpaí sin, rud a chiallaíonn go ngáinneálann siad níos mó ná tráchtearra aindleathach amháin. Tá an Úcráin suite ag crosbhóthar na smuigleála earraí neamhdhleathacha chuig an Aontas agus is tír fhoinseach, idirthurais agus cinn scríbe í freisin le haghaidh na gáinneála ar dhaoine. D'ainneoin na ndúshlán a bhaineann leis an gcogadh, lena n-áirítear acmhainneachtaí institiúideacha ganna mar gheall ar chaillteanais mhóra trealamh phearsanta agus laghdú ar mhaoiniú chun an choireacht eagraithe a chomhrac, léirigh institiúidí ábhartha na hÚcráine athléimneacht shuntasach agus cumais oibríochtúla shuntasacha.

Ó bhí mí Feabhra 2022 ann, bhí tionchar mór ag cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine ar chás réigiúnach na coireachta, lena n-áirítear ar an gcomhar idir grúpaí coireachta cumhachtacha, ar tháinig deireadh leis den chuid is mó. Mar sin féin, tháinig cúinsí nua chun cinn agus tá leas á bhaint ag grúpaí coiriúla sa réigiún astu.

Leanadh d'fhorbairt dhearfach a dhéanamh ar an gcomhar forfheidhmithe dlí (lena n-áirítear ar an leibhéal oibríochtúil) idir an tAontas agus tíortha an mhéadaithe. Tá comhaontuithe oibríochtúla le Europol daingnithe ag tíortha uile na mBalcán Thiar (seachas an Chosaiv, ag a bhfuil socrú oibre i bhfeidhm) agus tá rochtain acu ar ardán slán Europol chun faisnéis a mhalartú (SIENA). Rinne an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia oifigigh idirchaidrimh a phostú ag Europol sa Háig. Tá an comhar idir Europol agus an Tuirc bunaithe ar chomhaontú straitéiseach maidir le comhar, lena n-eisiatar an fhéidearthacht sonraí pearsanta a chomhroinnt ach lena n-éascaítear comhar i raon réimsí. Tá Oifigeach Idirchaidrimh de chuid na Tuirce ar postú ag Europol agus tá an Tuirc nasctha le SIENA freisin. Thug an Úcráin, an Mholdóiv agus an tSeoirsia comhaontuithe comhair oibríochtúil i gcrích le Europol freisin, tá siad nasctha le SIENA agus d'oscail siad biúróina idirchaidrimh ag Europol. Leibhéal rannpháirtíochta thíortha an mhéadaithe in EMPACT, arb é an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla faoi stiúir na mBallstát é, lean sé de bheith ag géarú ar an iomlán, ach bhí sé fós míchothrom. Ina theannta sin, tá treocht mhéadaitheach ann freisin maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla a bheith faoi stiúir nó faoi chomhstiúir thíortha an mhéadaithe, agus is díol mór sásaimh é an fhorbairt sin. Ghlac tíortha uile na mBalcán Thiar, in éineacht leis an Moldóiv agus leis an Úcráin, páirt i roinnt Laethanta Comhghníomhaíochta, rud a raibh torthaí láithreacha aige i dtéarmaí coirpigh agus oifigigh éillitheacha a ghabháil, urghabhálacha agus imscrúduithe nua a sheoladh.

Leanann an gháinneáil ar dhruaí de bheith ina margadh coiriúil brabúsach i dtíortha an mhéadaithe. Cé go bhfuil an treocht níos fadtéarmaí maidir le hurghabhálacha cannabais sna Balcán Thiar ag dul i laghad, tá urghabháil cócaoin (go háirithe i gcalafoirt) ag dul i méid, agus d'fhan urghabháil hearóine cobhsaí den chuid is mó. Cé is moite den Albáin, tá straitéis náisiúnta maidir le drugaí ag tíortha uile na mBalcán Thiar nó bhí straitéis náisiúnta maidir le drugaí acu go dtí le déanaí, agus i gcásanna áirithe tá/bhí plean gníomhaíochta ag gabháil leis an straitéis sin. Níl faisnéis maidir le (cáilíocht) cur chun feidhme na bpleananna ar fáil toisc

nach ndéantar aon mheastóireacht i bhformhór mór na gcásanna. Rachaidh straitéis náisiúnta agus plean gníomhaíochta na Tuirce in éag i mbliana. Ghlac an Mholdóiv agus an tSeoirsia straitéisí nua agus pleananna gníomhaíochta nua maidir le drugaí, agus níl aon straitéis ná plean gníomhaíochta tiomnaithe maidir le drugaí ag an Úcráin. Tá gá le hiarrachtaí móra sa réigiún maidir le Faireachlanna Náisiúnta Drugaí agus Córais Réamhrabhaidh Náisiúnta ar shubstaintí sícighníomhacha nua a bhunú. Is í an tSeirbia amháin a bhunaigh Faireachlann Náisiúnta Drugaí atá ag feidhmiú, agus tá Faireachlann Náisiúnta Drugaí rithábachtach chun an córas faisnéise drugaí a chomhordú agus is réamhriachtanas é chun bheith bainteach le líonra Reitox an Aontais (an Líonra Faisnéise Eorpach maidir le Drugaí agus Andúil i nDrugaí). Cé is moite den tSeirbia, níor bunaíodh aon Chóras Réamhrabhaidh Náisiúnta foirmiúil agus/nó oibríochtúil eile ar shubstaintí sícighníomhacha nua sa réigiún, rud ar cheart aghaidh a thabhairt air go práinneach. Tá tacaíocht fhadtéarmach á soláthar ag an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí nó oibríonn sé ar bhonn socrú oibre nó comhaontuithe déthaobhacha le tíortha an mhéadaithe.

Tá an treocharlár maidir le **rialú cuimsitheach mionarm agus arm éadrom** sna Balcáin Thiar faoi 2024 fós á chur chun feidhme. I mí na Bealtaine 2023, thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir le leanúint den treocharlár tar éis 2024 le tacaíocht ó Theach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Arm Éadrom (SEESAC). I bhfianaise an lín aird mionarm agus arm éadrom atá ag dul i méid tar éis ionradh iomlán na Rúise, tá roinnt bearta coisctheacha curtha i bhfeidhm cheana féin ag an Aontas, i gcomhpháirt leis an Úcráin, chun cur i gcoinne an riosca go ndéanfaí gáinneáil ar airm agus ba cheart don Úcráin leanúint dá rannpháirtíocht leis an bpobal idirnáisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin. Áirítear leis sin tacaíocht arna soláthar ag Europol agus ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), rannpháirtíocht na hÚcráine in EMPACT maidir le hairm thine, agus obair Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh san Úcráin.

Leanadh den dul chun cinn, cé go bhfuil sé míchothrom, maidir le haghaidh a thabhairt ar **gháinneáil ar dhaoine** i dtíortha an mhéadaithe. Tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun *acquis* ábhartha an Aontais a ailíniú agus a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear bearta coisctheacha, sainaithint luath, íospartaigh a chosaint agus cúnamh a thabhairt dóibh, imscrúduithe éifeachtacha ar chásanna gáinneála, déantóirí na coire a ionchúiseamh agus a chiontú.

Agus dul chun cinn míchothrom á dhéanamh, ní leor, ar an iomlán, cuntais teiste thíortha an mhéadaithe faoi seach maidir le **himscrúduithe réamhghníomhacha, ionchúiseamh agus ciontuithe deiridh na coireachta eagraithe agus cásanna éillithe**, go háirithe ar leibhéal arda, agus tá gá le hiarrachtaí leanúnacha ina leith. Ba cheart sciúradh airgid a imscrúdú agus a ionchúiseamh níos mó agus níos mó mar chion neamhspleách. Ba cheart dlús a chur leis an úsáid a bhaintear as imscrúduithe airgeadais agus ba cheart iad a úsáid ar bhealach níos córasaí chun deireadh a chur le grúpaí coireachta eagraithe agus chun fáaltais ó choireacht a urghabháil agus a choigistiú. Thug cásanna a tharla le déanaí léargas arís ar na rioscaí a bhaineann le hinsíothlú grúpaí coireachta eagraithe ar gach leibhéal de shlabhra an cheartais choiriúil. Ní mór torthaí nithiúla a bheith ann de thoradh na n-iarrachtaí i roinnt tíortha chun a n-acmhainní oibríochtúla a neartú agus chun deireadh a chur leis an éilliú laistigh dá gcomhlachtaí breithiúnacha. Tá sé fíor-riachtanach cuntas teiste inchreidte a fhorbairt agus a chomhdhlúthú chun tionchar díspreagthach a imirt ar ghníomhaíochtaí coiriúla agus chun muinín na saoránach sna gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus sna breithiúna a chothú arís. San Úcráin, sa Mholdóiv agus sa tSeoirsia, ba cheart leanúint den chomhrac in aghaidh an fheiniméin shonraigh ‘gadaithe sa dlí’.

Ní mór don Albáin a cuid iarrachtaí a neartú a thuilleadh chun gáinneáil ar dhaoine, sciúradh airgid agus éilliú ardleibhéil a chomhrac agus chun an chibearchoireacht a chomhrac (lena n-áirítear trí mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a choiriúlú). Cé go bhfuil méadú mór tagtha ar choigistiú sócmhainní, tá sé fós an-teoranta i gcomparáid le méideanna na n-urghabhálacha (a bhfuil laghdú tagtha orthu, áfach). Níl aon oifig um aisghabháil sócmhainní ag an tír go fóill. Tháinig laghdú mór ar an líon drugaí a urghabhadh freisin. Bhain na Struchtúir Speisialta um Fhrith-Éilliú agus um Choireacht Eagraithe (SPAK) torthaí breise amach agus ba cheart dóibh leanúint dá gcuntas teiste a fhorbairt maidir le himscrúduithe agus ciontuithe ardleibhéil. Is ábhar mór inní é an easpa dul chun cinn atá fós ann maidir leis an gcomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin. Rinne an Chosaiv dul chun cinn teoranta i dtaca lena cuntas teiste foriomlán maidir leis an gcoireacht eagraithe a chomhrac agus ba cheart di dlús a chur lena cuid iarrachtaí i ndáil le himscrúduithe réamhghníomhacha, ciontuithe agus coigistithe sócmhainní coiriúla, atá fós an-íseal. Sa Mhacadóin Thuaidh, tá inní mhór ann faoi thionchar seachtrach míchuí ar obair na Comhairle Breithiúnaí agus na mbreithiúna. Roinnt athruithe ar an gcód coiriúil, arna nglacadh trí nós imeachta parlaiminteach brostaithe, tá difear á dhéanamh acu do líon mór cásanna éillithe ardleibhéil, nó tá na cásanna á stopadh nó á bhfoirceannadh acu fiú. Ní mór do na húdaráis cur lena gcuid iarrachtaí chun sciúradh airgid agus coireacht airgeadais a chomhrac. Léirigh Montainéagró forbairtí spreagúla sa chomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe, agus gabhadh comhaltaí ardleibhéil de ghrúpaí coireachta eagraithe agus ardoifigigh i ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí. Leagann sé sin béim ar a thábhachtaí atá sé insíothlú na coireachta eagraithe sna póilíní agus sna breithiúna a chomhrac go comhsheasmhach agus go láidir. Mar sin féin, is ábhar inní é an easpa ciontuithe i réimsí na smuigleála tobac, an sciúrtha airgid, na gáinneála ar dhaoine agus na cibearchoireachta, chomh maith leis an leibhéal an-íseal coigistithe sócmhainní. Cé gur tháinig méadú ar an líon ciontuithe i gcoireanna airgeadais in 2022, bhí siad sin bunaithe go heisiach ar mhargaí pléadála. Faightear léargas measctha ó chuntas teiste na Seirbia maidir le coireacht eagraithe, agus méadú tagtha ar an líon imscrúduithe agus díotálacha (lena n-áirítear maidir le smuigleáil daoine), ach tá laghdú tagtha ar chiontuithe tosaigh agus ciontuithe deiridh, agus tá leibhéal an-íseal coigistithe ann. Cé gur mhéadaigh an Tuirc a rannpháirtíocht in oibríochtaí comhpháirteacha le Ballstáit an Aontais agus le tíortha comharsanacha, ní mór di feabhas a chur ar an gcomhrac in aghaidh an sciúrtha airgid agus na coireachta airgeadais, lena n-áirítear coigistiú sócmhainní coiriúla a úsáid. Rinne an Mholdóiv roinnt imscrúduithe airgeadais, rinne sí roinnt urghabhálacha sócmhainní (agus ar bhonn níos lú, coigistithe) agus tá cuntas teiste tosaigh aici maidir le ciontuithe deiridh, agus ba cheart é a chomhdhlúthú. Sa tSeoirsia, tháinig méadú mór ar an líon ciontuithe deiridh maidir le ‘gadaithe sa dlí’ agus bhí ciontuithe i gcásanna sciúrtha airgid suntasach. Thosaigh an Úcráin ar chuntas teiste tosaigh a fhorbairt, ach tá gá le hiarrachtaí breise chun cineálacha tromchúiseacha coireachta eagraithe, sciúradh airgid agus coireanna airgeadais eile a chomhrac.

Cé go bhfuil comhar maidir leis an **bhfrithsceimhlitheoireacht agus cosc an radacaithe** ábhartha do thíortha uile an mhéadaithe, is tosaíocht ar leith i gcónaí é do chomhar an Aontais leis na Balcáin Thiar. Is dúshlán agus bagairt slándála fós iad an sceimhlitheoireacht agus an t-antioisceachas foréigneach de gach cineál, gan beann ar a dtionscnamh. Tuairiscíodh gur gabhadh antioiscigh fhoréigneacha agus gur cuireadh stop le hionsaithe. Ag an bhFóram Aireachta um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile idir an tAontas agus na Balcáin Thiar a reáchtáladh i mí na Samhna 2022, athdhearbháíodh a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis na bearta a rinneadh chun na bagairtí athraitheacha a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine a shainaithint agus a chomhrac. Is é an plean comhpháirteach gníomhaíochta maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht do na Balcáin Thiar an príomhchreat le haghaidh comhair leis an réigiún, lena gcomhcheanglaítear tiomantas polaitiúil le tacaíocht

agus faireachán tráthrialta. Tá dul chun cinn déanta ar fud an réigiúin, agus chuir an Albáin agus an Mhacadóin Thuaidh formhór na gníomhaíochtaí chun feidhme. Ina theannta sin, i mí na Nollag 2022, shínigh dhá thír ar an leibhéal aireachta socruithe cur chun feidhme a tugadh cothrom le dáta lena ndírítear ar na cuspóirí atá fós ar feitheamh. Chuir na tíortha eile de chuid na mBalcán Thiar tuarascálacha nua isteach sa chúigiú sraith de chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta sa chéad ráithe de 2023. Ina theannta sin, chláraigh Montainéagró dul chun cinn mór agus tá tabhairt cothrom le dáta an tsocraithe dhéthaobhaigh á plé leis an gCoimisiún Eorpach. Go ginearálta, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun gach cineál radacaithe a chosc, lena n-áirítear sna príosúin, chun obair leantach a dhéanamh ar luathscaoileadh saor coinníollach ciontóirí antoisceacha foréigneacha ón bpríosún, agus chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar ábhar sceimhlitheoireachta agus ábhar antoisceach ar líne. Mar a tuairiscíodh i dtuarascáil 2023 maidir leis an sceimhlitheoireacht agus treochtaí ó Europol, tá an earcaíocht fós ar siúl ar líne agus trí chruinnithe i bhfoirgnimh reiligiúnacha neamhfhoirmiúla, chomh maith le saoráidí ceartúcháin. Tá an t-athbhreithniú ar straitéisí agus ar phleananna gníomhaíochta náisiúnta fós ar siúl sa tSeirbia agus san Albáin, agus tá sé tugtha chun críche cheana féin sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, sa Chosaiv, sa Mhacadóin Thuaidh agus i Montainéagró. Tá bagairt na sceimhlitheoireachta fós íseal sa tSeoirsia, sa Mholdóiv agus san Úcráin, agus tá a reachtaíocht frithsceimhlitheoireachta i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta tríd is tríd. Ina gcreat straitéiseach slándála, aithnítear an sceimhlitheoireacht mar bhagairt agus tá seirbhísí speisialaithe i bhfeidhm. Tá comhar oibríochtúil le gníomhaireachtaí Eorpacha maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac seanbhunaithe.

Tá ailíniú agus cur chun feidhme éifeachtach na reachtaíochta maidir le **maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac agus maidir le frithsciúradh airgid** fós míchothrom. Tuairiscítear dul chun cinn maidir le reachtaíocht, straitéisí agus cur chun feidhme i gcás na Macadóine Thuaidh, agus tá formheas na reachtaíochta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin fós ar feitheamh sa Pharlaimint agus ní mór cuntas teiste a bhunú maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus rialuithe críochnaitheacha cúirte. Thug an Albáin, atá faoi ghrinnscrúdú an Tascfhórsa um Gníomhaíocht Airgeadais (FATF), aghaidh ar gach mír den phlean gníomhaíochta le 6 mhí anuas. Chinn FATF i mí an Mheithimh 2023 cuairt ar an láthair a mholadh, rud a d'fhág gur baineadh an Albáin den 'liosta liath' i mí Dheireadh Fómhair 2023. Mar sin féin, leanfaidh FATF d'fhaireachán a dhéanamh chun a sheiceáil an bhfuil aon chlár deonach maidir le comhlíonadh cánach san Albáin (lena n-áirítear pardúin choiriúla a d'fhéadfadh a bheith ann) i gcomhréir le prionsabail agus dea-chleachtais FATF, má tá aon chlár ann. Ba cheart creat dlíthiúil na Tuirce a ailíniú le míreanna a Plean Gníomhaíochta FATF chun é a bhaint de 'liosta liath' FATF. Tá reachtaíocht i bhfeidhm ag an Úcráin, ag an Moldóiv agus ag an tSeoirsia lena ndéantar maoiniú na sceimhlitheoireachta a choiriúlú, ach ní mór roinnt réimsí a ailíniú fós le moltaí Moneyval agus le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

Tá sé chomhpháirtí na mBalcán Thiar níos feasaí ar an tábhacht a bhaineann le creat láidir chun déileáil le cosaint an bhonneagair chriticiúil. D'fhorbair an Chosaiv, Montainéagró agus an tSeirbia reachtaíocht iomchuí sa réimse sin, cé nach ann don reachtaíocht sin sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin ach go páirteach.

Rinne an chuid is mó de chomhpháirtithe na mBalcán Thiar **trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta** agus baill teaghlach ó oirthuaisceart na Siria a aisdúichiú. Chuir an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin in iúl go bhfuil sí toilteanach gach trodaí eachtrach sceimhlitheoireachta a aisdúichiú. Cé go bhfuil forálacha dlíthiúla i bhfeidhm chun na trodaithe sin a ionchúiseamh ar fhilleadh dóibh, rinneadh ionchúiseamh éifeachtach go míchothrom ar fud an réigiúin. D'ionchúisigh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin seachtar

trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta a tháinig ar ais, agus gearradh pianbhreitheanna coinníollacha ar na seisear ban a bhí ina dteannta. Tá imscrúdú á dhéanamh ag an Albáin ar naoi gcás a bhaineann le náisiúnaigh atá fós in oirthuaisceart na Siria, agus níor díotáladh ná níor ionchúisíodh na 37 mbean agus leanbh a aisdúichíodh go dtí seo. D'ionchúisigh Montainéagró náisiúnach amháin a tháinig ar ais ó ionradh na Rúise ar an Úcráin in 2014. Pianbhreitheanna boga a bhí i gceist leis na fíoraisc sin, rud ar ábhar imní é. Maidir le himeacht chun páirt a ghlacadh i gcogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine, cé is moite den Albáin inar tuairiscíodh gur thaistil duine amháin dá náisiúnaigh chun troid san Úcráin, níor thuairiscigh aon cheann de thíortha eile na mBalcán Thiar gur thaistil daoine dá shaoránaigh chuig láithreacha catha eachtracha le blianta beaga anuas. Mar sin féin, thuairiscigh foinsí oscailte faoi dhaoine ag imeacht ón réigiún chun dul go dtí an Úcráin.

Mar gheall ar na bagairtí leanúnacha ó ghrúpaí sceimhlitheoireachta éagsúla, lean an Tuirc de thosaíocht a thabhairt don chomhrac in aghaidh PKK agus do dheireadh a chur le Gluaiseacht Gülen. Tá PKK fós ar liosta an Aontais de dhaoine, de ghrúpaí agus d'eintitis a bhfuil baint acu le gníomhartha sceimhlitheoireachta. Lean an Tuirc lena comhar gníomhach frithsceimhlitheoireachta leis an bpobal idirnáisiúnta freisin mar chomhalta den Chomhghuaillíocht Dhomhanda chun an Bua a fháil ar an Stát Ioslamach, an Fóram Frithsceimhlitheoireachta Domhanda, agus Coiste Saineolaithe Chomhairle na hEorpa maidir le Sceimhlitheoireacht. Agus í gníomhach mar chomhchathaoirleach ar mheitheal trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta na Comhghuaillíochta chun an Bua a fháil ar an Stát Ioslamach, thug an Tuirc rochtain freisin ar a haerspás agus ar a saoráidí le haghaidh oibríochtaí frithsceimhlitheoireachta comhghuaillíochta san Iaráic agus sa tSiria. An tráth céanna, ba cheart d'údarais na Tuirce a áirithiú go bhfuil dlí frithsceimhlitheoireachta na tíre agus cur i bhfeidhm an dlí sin i gcomhréir le prionsabal an smachta reachta agus go n-urramaítear leis cearta agus saoirsí bunúsacha. Ba cheart don Tuirc a reachtaíocht frithsceimhlitheoireachta a thabhairt i gcomhréir le caighdeán an Aontais, agus cloí leis an tuairim ó Choimisiún na Veinéise i dtaca leis an dlí maidir le maoiniú leathadh arm ollscriosta a chosc.

Bagairtí hibrídeacha

Is dúshlán polaitiúil agus slándála do thíortha an mhéadaithe fós iad **bagairtí hibrídeacha**, lena n-áirítear bréagaisnéis, ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (FIMI) agus cibirionsaithe, go háirithe cibirionsaithe in aghaidh an bhonneagair chriticiúil. Tar éis méadú géar anuraidh mar gheall ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, tá baol suntasach ag baint leis na bagairtí sin fós do thíortha an Aontais agus do thíortha an mhéadaithe araon. Mar fhreagairt ar an stádas mar iarrthóir a tugadh don Úcráin agus don Mholdóiv le déanaí agus mar fhreagairt ar pheirspictíocht Eorpach na Seoirsia, leanann gníomhaithe éagsúla, go háirithe gníomhaithe atá urraithe ag an Rúis, de chur in aghaidh inchreidteacht an Aontais agus de dhochar a dhéanamh do mhuinín an phobail in institiúidí daonlathacha. Lean na gníomhaithe sin de pháirt a ghlacadh in ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis go díreach nó trí ionadaithe, agus is minic a dhéanann siad a ngníomhaíocht a shioncrónú le cur isteach d'aon ghnó in earnálacha éagsúla agus is minic a bhaineann siad leas as leochaileachtaí.

Tháinig **méadú mór** ar an **mbréagaisnéis agus ar FIMI** ó anuraidh. De réir mar a forbraíodh ionradh iomlán na Rúise, scaipeadh insintí éagsúla na Creimile i dtíortha an mhéadaithe, agus bhí torthaí éagsúla ag baint leis sin. Tá na hinsintí sin éifeachtach go háirithe sa tSeirbia, áit a scaipeann cuid de na meáin áitiúla agus roinnt príomhfhórsaí polaitiúla insintí atá ar son na Rúise, lena n-áirítear ar fud réigiún na mBalcán Thiar. D'ainneoin iarrachtaí suntasacha, tá athléimneacht i leith na mbagairtí sin fós lag mar gheall ar litearthacht íseal sna meáin,

muinín íseal in institiúidí, iriseoireacht neamhspleách agus ghairmiúil teoranta agus leibhéal íseal shaoirse na meán. Ar an gcuma chéanna, tar éis an chinnidh maidir le peirspictíocht Eorpach a aithint i leith na hÚcráine, na Moldóive agus na Seoirsia, chomh maith le stádas mar iarrthóir a thabhairt don Mholdóiv agus don Úcráin, dhírigh rabharta nua d'fheachtais FIMI ar an trí thír sin, arb é is aidhm dóibh den chuid is mó míchlú a tharraingt ar mhianta dul isteach san Aontas agus an milleán a chur ar an Iarthar faoin staid reatha sa réigiún. Sa tSeoirsia, rinneadh iarracht le sraith shonrach bréagaisnéise é a thabhairt le fios go bhfuil an tIarthar ag iarraidh 'an dara fronta' a oscailt in aghaidh na Rúise ón tSeoirsia. Bheadh sé tráthúil dá ndéanfadh na húdaráis bréagnú níos gníomhaí.

Is **príomhthosaíocht** fós í an **chibearshlándáil** agus an chibear-athléimneacht i dtíortha uile an mhéadaithe. Thuairiscigh roinnt tíortha cibirionsaithe le linn na bliana, agus bhí tionchar mór acu ar an riarachán poiblí agus ar sheirbhísí poiblí. Rinneadh dul chun cinn maidir le hailíniú le *acquis* an Aontais i réimse na cibearshlándála san Albáin, sa Mhacadóin Thuaidh, i Montainéagró, san Úcráin agus sa Mholdóiv. Reachtáladh comhdháil chibearshlándála ardleibhéil – *Towards a resilient cyberspace in the Western Balkans* [I dtreo cibearspás athléimneach sna Balcáin Thiar] i mí an Mheithimh 2023 sa Bhruiséil. Reachtáladh an dara hidirphlé cibearshlándála idir an tAontas agus an Úcráin i bhformáid fhisiceach i mí Mheán Fómhair 2022.

Reachtáil an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, an Mholdóiv, Montainéagró agus an Tuirc **toghcháin** sa tréimhse tuairiscithe. Sa tréimhse atá le teacht, eagrófar toghcháin sa Mhacadóin Thuaidh, san Úcráin, sa Mholdóiv agus sa tSeoirsia. Tá gá le bearta breise chun aon iarracht ar chur isteach ó thríú stáit agus ó ghníomhaithe neamhstáit a chosc agus chun aghaidh a thabhairt orthu.

Treisíodh an **infheistíocht dhíreach choigríche** freisin i ngach tír cé is moite den Úcráin. Tá creataí láidre chun infheistíocht dhíreach choigríche a rialú, i gcomhréir le Rialachán an Aontais maidir le scagadh ar infheistíocht dhíreach choigríche, fós in easnamh i bhformhór thíortha an mhéadaithe, seachas an Mholdóiv, a bhfuil córas i bhfeidhm aici.

Imirce

Mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh **na hÚcráine**, tá méadú tagtha ar dhídeanaithe ón Úcráin, agus bhí ról ríthábhachtach ag tíortha amhail an Mholdóiv go háirithe, agus ag Montainéagró, an tSeirbia, an Albáin agus an Mhacadóin Thuaidh mar thíortha óstacha.

Is dúshlán mór fós í an imirce neamhrialta do na **Balcáin Thiar** agus don **Tuirc**, go háirithe an comhrac in aghaidh na smuigleála imirceach agus na gáinneála ar dhaoine. De réir na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), in 2022 b'ionann an líon iomlán trasnuithe teorann neamhrialta ag teorainneacha seachtracha an Aontais ó na Balcáin Thiar agus thart ar 144 100. Ba mhéadú 134 % é sin i gcomparáid le 2021 (61 600). Mar sin féin, ó thús na bliana go dtí an 31 Iúil 2023, tháinig laghdú ar an líon iomlán imirceach neamhrialta a tháinig ó na Balcáin Thiar go dtí an tAontas, i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2022. Sna chéad 7 mí de 2023, braitheadh thart ar 52 200 trasnú teorann neamhrialta ar bhealach na mBalcáin Thiar, 26 % níos lú ná sa tréimhse chéanna an bhliain roimhe sin. In 2022 agus sna chéad 7 mí de 2023, tháinig an chuid is mó de na himircigh ón tSiria, ón Afganastáin agus ón Tuirc.

Is iad seo a leanas na príomhthosca a mbíonn tionchar acu ar an líon ard daoine a thagann ar eitleán ón Tuirc agus ón tSeirbia: (i) córais taistil gan víosa; (ii) an tréimhse ghearr ama is gá chun an réigiún a thrasnú, i.e. 8 lá ar an meán in 2022 i gcomparáid le 53 lá in 2021 de réir na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Imirce (IOM); (iii) praghsanna measartha íseal na líonraí

smuigleála chun an réigiún a thrasnú; agus (iv) an deacracht níos mó a bhaineann le teacht isteach san Aontas trí bhealaí eile (e.g. an Mheánmhuir Thiar).

Is é cuspóir beartais an Choimisiúin Eorpaigh tacú le tíortha na mBalcán Thiar a bhfuil brú imirce orthu sa réigiún mar Bhallstáit den Aontas a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. I gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin Thiar, tá an tacaíocht sin dírithe go cuimsitheach ar bhainistiú teorainneacha, nós imeachta tearmainn agus acmhainneacht ghlactha a fheabhsú, smuigleáil imirceach a chomhrac, comhar maidir le hathlíghean isteach a mhéadú agus imircigh neamhrialta, nach bhfuil aon cheart acu fanacht sa tír, a chur ar ais chuig a dtíortha tionscnaimh, agus córais tearmainn agus cosanta agus acmhainneachtaí glactha a fheabhsú, chomh maith le hailíniú an bheartais víosaí a bhaint amach. De réir Frontex, chuir Ballstáit an Aontais 5 962 náisiúnach tríú tír ar ais chuig na Balcáin Thiar in 2022, 22 % níos mó i gcomparáid le 2021. Ba í an Albáin an phríomhthír cinn scríbe do na náisiúnaigh sin a cuireadh ar ais, agus ba iad an tSeirbia agus an Mhacadóin Thuaidh na tíortha ba choitianta ina dhiaidh sin. Thairis sin, suas go dtí an 8 Meitheamh 2023, de réir IOM, bhí thart ar 3 657 n-imirceach agus ndéanaí in ionaid ghlactha an réigiúin agus bhí tuairim is 700 imirceach agus dídeanaí lasmuigh de shaoráidí glactha. I gcomparáid leis sin, thart ar 12 172 áit a bhí san acmhainneacht ghlactha iomlán. Glacann na Balcáin Thiar páirt sa Chomhpháirtíocht Oibríochtúil Frith-Smuigleála, a seoladh i mí na Samhna 2022 chun tacú le forfheidhmiú an dlí agus leis an gcomhar breithiúnach in aghaidh líonraí coiriúla smuigleála agus chun acmhainneachtaí bainistithe teorainneacha a mhéadú.

Go dtí mí Mheán Fómhair 2023, tháinig 22 421 imirceach neamhrialta ón Tuirc isteach san Aontas (lena n-áirítear an Ghréig, an Iodáil agus an Bhulgáir), i gcomparáid le 22 821 imirceach a tháinig isteach le linn na tréimhse céanna in 2022. Tháinig méadú 123 % ar an líon imirceach a tháinig isteach sa Ghréig, agus tháinig laghdú mór ar an mbealach farraige chun na hIodáile (laghdú 55 %). Tháinig laghdú mór 42 % ar an líon imirceach a tháinig isteach sa Chipir tríd an Líne Ghlas.

Ba é Ráiteas 2016 ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc an príomhchreat i dtaca le comhar maidir leis an imirce agus lean sé de thorthaí a bhaint amach, d'ainneoin na ndúshlán leanúnach maidir le cur chun feidhme an Ráitis. Lean an Tuirc de ról lárnach a bheith aici freisin maidir le haghaidh a thabhairt ar an imirce feadh bhealach na Meánmhara Thoir. Lean an Tuirc dá hiarrachtaí ollmhóra chun 3.6 milliún dídeanaí ón tSiria agus ó thíortha eile a óstáil, agus choinnigh an tAontas a thacaíocht shubstaintiúil ar bun. Shlóg Saoráid an Aontais do Dhídeanaithe sa Tuirc EUR 6 bhilliún, agus eisíocadh EUR 5,1 billiún ó mhí Mheán Fómhair 2023. Tar éis cistiú idirlinne EUR 535 mhilliún in 2020, lean an Coimisiún de chur chun feidhme an phacáiste EUR 3 bhilliún a d'iarr an Chomhairle.

Tá an **léirscaoileadh víosaí** ina uirlis chumhachtach fós chun teagmháil idir daoine a éascú agus chun tacú le hathchóirithe sna Balcáin Thiar agus san Úcráin, sa Mholdóiv agus sa tSeoirsia i réimsí an cheartais, na slándála agus na saoirsí bunúsacha. Mar a comhthacaíodh le tuarascáil 2023 faoin sásra fionraíochta víosaí¹, ní mór don Albáin, don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, do Mhontainéagró, don Mhacadóin Thuaidh², don tSeirbia, don tSeoirsia, don Mholdóiv agus don Úcráin a áirithiú go ndéanfar tuilleadh ailínithe leis an mbeartas víosaí le liostaí an Aontais de thríú tíortha atá faoi réir ceanglas víosa, go háirithe na tríú tíortha sin a bhfuil riosca imirce neamhrialta nó rioscaí slándála ag baint leo don Aontas. Tá ailíniú an

¹ [COM\(2023\) 730 final](#)

² D'éirigh leis an Macadóin Thuaidh a beartas víosaí a ailíniú go hiomlán, beagnach, le liostaí an Aontais; níl comhaontú gan víosa leis an Macadóin Thuaidh ach ag tír amháin (an Tuirc), a bhfuil víosa de dhíth ar a saoránaigh chun teacht isteach san Aontas.

bheartais víosaí leis an Aontas rithábhachtach i gcónaí ar mhaithe le dea-fheidhmiú chórais taistil gan víosa na gcomhpháirtithe sin leis an Aontas. Ní dhearna an Tuirc aon dul chun cinn maidir le tagarmharcanna an Treochláir um Léirscaoileadh Víosaí atá fós oscailte a chur i gcrích le linn na tréimhse tuairiscithe.

Athchóiriú ar an riarachán poiblí

Tá cáilíocht an riaracháin phoiblí agus cáilíocht an chreata rialála rithábhachtach d'**íomaíochas fadtéarmach an Aontais**³. Le blianta fada anuas, thug an Coimisiún Eorpach treoir agus tacaíocht chórasach do Bhallstáit ionchasacha den Aontas maidir le conas riaracháin phoiblí atá cobhsaí agus dea-fheidhmiúil a thógáil bunaithe ar an gcúig phrionsabal a bhaineann le *dea-cheapadh beartas*, bainistiú na *seirbhíse sibhialta*, *eagrú éifeachtach stáit* agus línte soiléire *cuntasachta*, *soláthar seirbhíse* gan uaim atá dírithe ar na saoránaigh agus *bainistíocht fhónta airgeadais phoiblí*. Cé go nglacann tíortha an mhéadaithe páirt ghníomhach sa tacaíocht, tá an chuid is mó acu fós gan an tiomantas polaitiúil agus an cheannaireacht pholaitiúil is gá chun dul i ngleic leis na hathchóirithe níos íogaire a dhéanadh difear do chultúr atá cliantaithe den chuid is mó agus a thógadh struchtúir agus córais níos cobhsaí agus níos gairmiúla. Faoi láthair, tá an chuid is mó de na hathchóirithe níos cosmaidí ná substainteach. Mura dtosódh tíortha ag athrú an phríomhchultúir riaracháin, leanfaidh a riaracháin phoiblí de bheith ag streachailt chun tallann a mhealladh agus a choinneáil chun na beartais, na seirbhísí agus na hinfheistíochtaí a chomhordú agus a chur i gcrích a bhfuil gá leo chun rathúnas fadtéarmach agus folláine na sochaí a fhorbairt.

Ar an iomlán, tá tíortha an mhéadaithe fós **measartha ullamh** ó thaobh cháilíocht a riaracháin phoiblí de. Le linn na tréimhse tuairiscithe, bhí dul chun cinn an athchóirithe anteoranta ar an iomlán. Tá feidhm ag an gcuid is mó de mholtaí na bliana nó na mblianta roimhe sin fós. Gnáthphatrún a bhíonn ann is ea go gcuirtear bunús foirmiúil dlí agus institiúideach le haghaidh riarachán gairmiúil i bhfeidhm go páirteach ar a laghad, ach nach gcuirtear i bhfeidhm go córasach é. Tá **straitéisí um athchóiriú ar an riarachán poiblí** ag formhór na dtíortha (seachas an Tuirc) nó tá na straitéisí sin á dtabhairt cothrom le dáta acu. Mar sin féin, tá cur chun feidhme na straitéisí sin míchothrom agus is minic nach mbíonn athchóirithe inbhuanaithe ina dtoradh orthu nó nach mbíonn tionchar fadtéarmach acu ar riarachán poiblí níos fearr a thógáil.

I gcás na hÚcráine, tá gnéithe den dul chun cinn ann ach tá dúshlán fós ann freisin mar gheall ar imthosca an chogaidh. Rinne an tSeoirsia agus an Mholdóiv roinnt dul chun cinn maidir lena riarachán poiblí a neartú tar éis athchóiriú ar an riarachán poiblí agus pleananna gníomhaíochta gaolmhara a ghlacadh.

Tá **dea-chomhordú agus dea-fhorbairt beartas** fós ina mbunchloch d'athchóirithe ar an riarachán poiblí. Ní mór do thíortha an mhéadaithe bonn eolais córasach a chur faoi bheartais agus faoin reachtaíocht le sonraí agus fianaise, reachtaíocht agus beartais a dhearadh ar bhealach cuimsitheach comhairleach agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu. Chuirfeadh dea-phleanáil agus próis chuí an chláir oibre beartais le muinín, le hathléimneacht agus le timpeallacht rialála níos intuatha don phobal agus do ghnólachtaí.

Maidir le hacmhainní daonna agus bainistiú na seirbhíse sibhialta, tá formhór na dtíortha fós ag streachailt le córas tuarastail trédhearcach, comhleanúnach agus cothrom a fhorbairt agus a chur chun feidhme go córasach, chomh maith le córas earcaíochta, ardaithe céime agus dífhostaithe atá bunaithe ar fhiúntas. Tá gá leis na hathchóirithe sin chun foireann spreagtha cháilithe a mhealladh agus a choinneáil agus chun státseirbhís ghairmiúil a fheidhmiú go

³ [COM\(2023\) 168 final](#), [COM\(2023\) 667 final](#)

maith a chruthú. Mar sin féin, bíonn bainistiú na n-athchóirithe sin an-íogair de ghnáth. Tá sé ríthábhachtach leasanna agus ábhair inné na bpáirtithe leasmhara éagsúla a thuiscint agus tacaíocht leathan a thabhairt chun dul chun cinn a bhaint amach.

Tá bac fós ar **eagrú agus cuntasacht stáit éifeachtach** mar gheall ar easpa dul chun cinn maidir le **struchtúir stáit a chuíchóiriú** agus línte soiléire cuntasachta a leagan síos idir aireachtaí agus comhlachtaí fo-ordaithe (sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, san Albáin, sa Chosaiv, sa Mhacadóin Thuaidh, sa tSeirbia agus sa Mholdóiv). Ní leor **acmhainn na gcúirteanna riaracháin** agus cáilíocht na gcinntí d'fhonn cearta daoine aonair chun ceartas riaracháin a áirithiú (sa tSeirbia, sa Mhacadóin Thuaidh, san Albáin, sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, agus sa Mholdóiv). Tá éagsúlacht ann maidir le cáilíocht na **gcomhlachtaí maoirseachta**, agus ní dhéantar obair leantach ar mholtaí go córasach, rud a chuireann teorainn le srianta agus ceartúcháin éifeachtacha agus deiseanna maidir le feabhas sistéamach. Chun feabhas a chur ar **rialachas il-leibhéil**, tá gá le comhar agus comhordú níos fearr idir údarais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, chun cáilíocht seirbhíse ar gach leibhéal a áirithiú agus chun freagrachtaí riaracháin a mheaitseáil le hacmhainní agus le hacmhainneacht. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé cothromaíocht iomchuí a áirithiú idir an rialtas lárnach, réigiúnach agus áitiúil, agus rialacha, nósanna imeachta agus caighdeán a chur i bhfeidhm go comhleanúnach ar fud gach leibhéil den riarachán poiblí, tá gá le tuilleadh iarrachtaí i ngach tír.

Is é soláthar **seirbhísí riaracháin digiteacha** an réimse is forbartha den chlár oibre fós maidir le hathchóiriú an riaracháin phoiblí, go háirithe san Albáin, sa tSeirbia agus san Úcráin. Cé go gcaithfidh tíortha eile teacht suas leo fós, ní mór do gach tír leanúint de bheith ag áirithiú go bhfuil an rochtain chéanna ar sheirbhísí poiblí ag daoine nach bhfuil a ndóthain modhanna digiteacha nó scileanna digiteacha acu. Is féidir freisin próisis riaracháin a chuíchóiriú a thuilleadh agus an t-ualach rialála ar an bpobal agus ar ghnólachtaí a laghdú.

De bharr easpa éifeachtachta agus sláine an chórais **bainistíochta airgeadais phoiblí**, laghdaítear muinín agus déantar difear do *ghiniúint ioncaim phoiblí* agus do *bhainistiú caiteachais* araon i bhformhór thíortha an mhéadaithe. Is saincheisteanna ríthábhachtacha iad *trédhearcacht bhuiséadach agus éifeachtacht an chaiteachais phoiblí*, go háirithe agus srianta fíoscacha ag dul i méid. Tá an iomarca lúb ar lár fós i gcórais *soláthair phoiblí* chun leithdháileadh éifeachtúil airgead na gcáiníocóirí a áirithiú. Le cultúr *cuntasachta bainistíochta* agus *iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha*, d'áiritheofaí inbhuanaitheacht airgeadais tíre, ach ní gnáthrud é sin go fóill. Ní mór feabhas a chur ar cháilíocht na *bainistíochta sócmhainní* agus *infheistíochta* i bhfad níos mó chun é a chur ar a gcumas do thíortha an mhéadaithe an bhearna sa bhonneagar i gcomparáid le Ballstáit an Aontais a dhúnadh agus tairbhe a bhaint as ballraíocht san Aontas amach anseo, lena n-áirítear cistiú le haghaidh infheistíochtaí.

An tsochaí shibhialta

Is cuid lárnach d'aon chóras daonlathach í sochaí shibhialta atá saor agus cumhachtaithe. Ar fud thíortha an mhéadaithe, tá sochaí shibhialta ghníomhach bhríomhar ann a dhéanann faireachán ar ghníomhaíocht rialtais agus a rannchuidíonn le ceapadh beartas. Tá eagraíochtaí na sochaí shibhialta fós ina soláthraithe seirbhísí, go háirithe cúnamh a thabhairt do dhaoine ar leochaileach a gcás agus páirt a ghlacadh sa fhreagairt dhaonnúil ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine.

Cumhdaítear saoirse comhlachais agus saoirse comhthionóil i gcreataí dlíthiúla agus baintear leas ginearálta astu. Mar sin féin, tá gá fós le hathchóirithe chun caighdeán idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm go hiomlán, agus ní mór an cur chun feidhme a bheith i bhfad níos

comhsheasmhaí. Tá brú leanúnach ar an tsochaí shibhialta, agus tá a spás chun oibriú gan bhac fós ag laghdú, agus srianta ar ghníomhaíochtaí na sochaí sibhialta agus chosantóirí chearta an duine. An úsáid a bhaintear as cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail (SLAPP), lena n-áirítear an úsáid a bhaineann oifigigh phoiblí astu, tá méadú scanrúil ag teacht uirthi sa tSeirbia agus sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, agus tá sé le feiceáil freisin i dtíortha eile, amhail an Albáin. Ar an gcuma chéanna, tá sé fíor-riachtanach nach mbainfear mí-úsáid as bearta slándála, e.g. bearta a ionstraimiú chun díriú ar an bhfreasúra polaitiúil nó ar cháinteoirí trí reachtaíocht frithsceimhlitheoireachta sa Tuirc, saor-rochtain ar fhaisnéis i Montainéagró, agus rialacha nár aisghaireadh fós maidir le rialú agus tuairisciú iomarcach i dtaca le sciúradh airgid a chosc sa Chosaiv. Baineann na forbairtí is mó inné, áfach, le forbairt ‘dlíthe na ngníomhairí eachtracha’ as a n-eascaíonn stiogmatú agus cos ar bolg eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Cuireadh na dlíthe sin chun cinn in eintiteas *Republika Srpska* na Boisia agus na Heirseagaivéine agus sa tSeoirsia (ach tarraingíodh siar ina dhiaidh sin iad sa tSeoirsia mar gheall ar bhrú idirnáisiúnta agus áitiúil).

Ní mór dul chun cinn suntasach a dhéanamh – mar shampla sa tSeoirsia, sa tSeirbia, i Montainéagró, sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus sa Chosaiv – chun feabhas a chur ar infhaighteacht agus trédhearcacht an chistithe phoiblí, ar cheart é a dháileadh ar bhonn critéir oibiachtúla. Cé gur feabhsaíodh an creat dlíthiúil maidir le daonchairdeas agus tabhartais sa Mholdóiv, tá dlíthe maidir le hobair dheonach fós ar feitheamh san Albáin agus i Montainéagró. Ní mór feabhas a chur ar na próisis chun eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chlárú, lena n-áirítear san Albáin, sa Mhacadóin Thuaidh agus i Montainéagró.

D’ainneoin go bhfuil beartais ann chun an timpeallacht chumasúcháin a neartú don tsochaí shibhialta nó don chomhar rialtais leis an tsochaí shibhialta san Albáin, sa Chosaiv, sa Mhacadóin Thuaidh nó san Úcráin, ní leor a gcur chun feidhme agus is minic a bhraitheann sé ar chistiú ó dheontóirí. Agus beartais á gceapadh, aithníonn formhór na dtíortha rannchuidiú luachmhar na sochaí sibhialta. Tá sásraí ann freisin le haghaidh comhairliúcháin phoiblí oscailte, ach ní mór feabhas a chur ar an gcaoi a gcuirtear i bhfeidhm iad. Tá laigí leanúnacha sna sásraí institiúidithe maidir le comhar idir an tsochaí shibhialta agus an rialtas. Tá sé fíor-riachtanach go n-áiritheoidh na rialtais na coinníollacha faoina mbeidh eagraíochtaí na sochaí sibhialta rannpháirteach go fóinteach agus go cuimsitheach i gceapadh beartas.

Geilleagar

Tar éis ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, bhí dúshlán mhóra eacnamaíocha agus shóisialta roimh na deich ngeilleagar mhéadaithe. San Úcráin, tháinig laghdú 29,1 % ar OTI in 2022 ós rud é go raibh tionchar ollmhór ag cogadh foghach na Rúise ar an tír ina hiomláine, rud a d’fhág go raibh brú mór ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch. Tháinig moill ar fhás OTI réigiún na mBalcán Thiar go 3,2 % in 2022, laghdú ó théarnamh 7,7 % ón gcúlú eacnamaíoch de bharr COVID-19 in 2021. Mar sin féin, tháinig athrú ar dhéine an mhoillithe ar fud na ngeilleagar, agus thit fíorfhás OTI go 6,1 % i Montainéagró, 5,6 % sa Tuirc, 4,8 % san Albáin, 4 % sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, 3,5 % sa Chosaiv, 2,3 % sa tSeirbia, agus 2,1 % sa Mhacadóin Thuaidh. Sa Mholdóiv, tháinig laghdú mór 5,9 % ar OTI, agus sa tSeoirsia, lean OTI de bheith ag fás ar leibhéal dhá dhigit (10,1 %). Iarmhairtí díreacha agus indíreacha chogadh na Rúise san Úcráin, lena n-áirítear an tionchar a bhí aige ar naisc trádála, ar an bhfuinneamh, ar phraghsanna bia agus ar an imirce, ba iad ba chúis leis na difríochtaí san fhás eacnamaíoch i dtíortha den chuid is mó. Tá an réamhaisnéis eacnamaíoch le haghaidh na ndeich ngeilleagar fós faoi réir éiginnteacht mhór maidir leis an tionchar breise atá ag an gcogadh ar an bhfás, ar an bhfostaíocht agus ar an gcomhtháthú sóisialta.

Le linn 2022, ghlac tíortha **bearta foscacha** chun tionchar eacnamaíoch an chogaidh agus an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh agus bia a mhaolú. Ós rud é go bhfuil laghdú mór tagtha ar phraghsanna fuinnimh óna mbuaic, ba cheart deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta anois, agus ba cheart a áirithiú an tráth céanna go gcoinneofar comhdhlúthú foscach ar bun agus go ndíreofar cosaint shóisialta go maith orthu siúd a bhfuil gá acu léi. Thosaigh an boils-ciú sna Balcáin Thiar, sa Mholdóiv agus sa tSeoirsia ag moilliú óna bhuaic i bhfómhar 2022 tar éis luathú suntasach. Sa Tuirc, tháinig moill ar an mboils-ciú freisin sa chéad leath de 2023, tar éis do bhrúnna praghsanna domhanda mar aon le beartas airgeadaíochta neamhghnách dímhéas mór sa lira a spreagadh agus an boils-ciú a mhéadú go dtí an leibhéal is airde le 20 bliain anuas (níos mó ná 85 % i mí Dheireadh Fómhair 2022). San Úcráin, mar gheall ar chur isteach ar shlabhraí soláthair, costais táirgthe níos airde agus priontáil airgid ag an mBanc Náisiúnta chun an cogadh a mhaoiniú, tháinig méadú mór ar an mboils-ciú, agus baineadh buaic 26,6 % amach ag deireadh 2022 sular thosaigh sé ag maolú.

Is iad príomhthréithe na **margaí saothair** sna Balcáin Thiar agus sa Tuirc gníomhaíocht íseal fhoriomlán (go háirithe i measc na mban agus na ndaoine óga), dífhostaíocht ard, agus imirce daoine oilte. Tá neamhréireanna struchtúracha fós ann maidir le scileanna, agus iad á spreagadh ag tearcinfheistíocht i gcaipiteal daonna agus ag córais oideachais laga. Chuige sin, tá gá le beartais níos gníomhaí maidir leis an margadh saothair, le hidirphlé sóisialta neartaithe dépháirteach agus trípháirteach agus le hinfheistíochtaí san uas-sciliú agus san athsciliú. Sa chomhthéacs sin, gheall comhpháirtithe na mBalcáin Thiar in 2021 scéimeanna Ráthaíochta don Aos Óg a bhunú de réir shamhail an Aontais. Faoi lár 2023, bhí sainghrúpaí idir-aireachta bunaithe ag an gcuid is mó acu chun pleananna cur chun feidhme a fhorbairt. Bhí a bpleananna glactha cheana féin ag trí chomhpháirtí, agus bhí an scéim á cur i bhfeidhm ar bhonn piolótach ag comhpháirtithe eile in 2023. D'fheidhmigh na margaí saothair sa Mholdóiv agus sa tSeoirsia go measartha maith in 2022, agus thairbhí siad de theacht na ndídeanaithe cáilithe a bhí ag teitheadh ó chogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus ón slógadh sa Rúis, cé go bhfuil laigí struchtúracha ann fós. Mar sin féin, tá ardleibhéal fostaíochta neamhfhoirmiúla fós ina bpríomh-shaincheist ar fud na dtíortha comhpháirtíochta uile. San Úcráin, le sreafaí dídeanaithe agus easáitiú inmheánach, mar aon leis an scrios ollmhór caipitil, rinneadh difear as cuimse don mhargadh saothair, a raibh ráta gníomhaíochta sách íseal agus imirce daoine oilte ina saintréith aige cheana féin. Beidh gá le hiarrachtaí ollmhóra chun margadh saothair feidhmiúil a atógáil agus chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas scileanna a luaithe a thiocfaidh deireadh leis an gcogadh. I ndáil leis sin, beidh sé rithabhachtach an t-idirphlé sóisialta a neartú, lena n-áirítear fothú acmhainneachta le haghaidh na gcomhpháirtithe sóisialta.

Tá sé ag éirí níos tábhachtaí go gcuirfidh gach ceann de na deich ngeilleagar mhéadaithe dlús le **hathchóirithe struchtúracha** chun téarnamh inbhuanaithe a chumasú sa mheántearma agus chun dul chun cinn a dhéanamh i dtaca leis an dá chritéar eacnamaíocha maidir le ballraíocht san Aontas a chomhlíonadh: geilleagair mhargaidh fheidhmiúla a áirithiú agus an acmhainneacht déileáil le brú iomaíochta agus le fórsaí margaidh san Aontas a léiriú.

Maidir le **geilleagair mhargaidh fheidhmiúla**, ní féidir a mheas faoi láthair go bhfuil geilleagar margaidh lánfheidhmiúil ag aon cheann de thíortha na mBalcáin Thiar, agus tá leibhéal na comhlíontachta éagsúil d'ainneoin an dul chun cinn atá déanta i roinnt tíortha. Cé go bhfuil an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin fós ag céim luath den ullmhúchán agus nach ndearnadh aon dul chun cinn le bliain anuas, rinne formhór na gcomhpháirtithe eile roinnt dul chun cinn nó dul chun cinn maith maidir le geilleagair mhargaidh fheidhmiúla a fhorbairt agus bhain siad leibhéal ullmhúcháin measartha nó maith amach. Tá dul chun cinn maith déanta ag geilleagar margaidh na Tuirce, ach tá imní mhór fós ann maidir lena fheidhmiú toisc go ndeachthas ar gcúl i dtaca le príomhghnéithe, amhail stiúradh beartais airgeadaíochta

agus an timpeallacht institiúideach agus rialála. Tá bearta déanta ó bhí an toghchán ann chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na hábhair inní sin. Tá an Mholdóiv agus an Úcráin ag céim luath/tá leibhéal áirithe ullmhúcháin bainte amach acu, agus tá an tSeoirsia measartha ullamh. Maidir leis an acmhainneacht déileáil le brú iomaíochta agus le fórsaí margaidh, níl ach leibhéal maith ullmhúcháin ag an Tuirc. Tá an tSeirbia, Montainéagró agus an Mhacadóin Thuaidh measartha ullamh, tá leibhéal áirithe ullmhúcháin bainte amach ag an Albáin agus ag an tSeoirsia, tá an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus an Mholdóiv ag céim luath/tá leibhéal áirithe ullmhúcháin bainte amach acu, agus tá an Chosaiv agus an Úcráin ag céim luath.

Lean leibhéal cur chun feidhme na treoraíochta beartais a comhaontaíodh go comhpháirteach de bheith ag dul in olcas ar fud na mBalcán Thiar agus na Tuirce, ag titim ó 50,8 % in 2020 go 42,9 % in 2021 agus go 40,8 % in 2022. Tá cur chun feidhme na treoraíochta beartais ríthábhachtach do na tíortha chun a ngeilleagair a ailíniú a thuilleadh le geilleagar an Aontais agus chun ullmhú dá rannpháirtíocht amach anseo i gcreat an Aontais Eorpaigh chun beartais eacnamaíocha agus shóisialta a chomhordú agus chun faireachas a dhéanamh orthu. Is gá an inbhuanaitheacht fhioscach a fheabhsú, forbairt an chaipitil dhaonna a chur chun cinn, agus athléimneacht a chothú i leith suaití a bheidh ann amach anseo. Ba cheart leanúint de na hiarrachtaí maidir leis an aistriú digiteach agus an t-aistriú glas a chur chun cinn, feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus comhtháthú eacnamaíoch réigiúnach a dhoimhniú bunaithe ar chaighdeán an Aontais chun infheistíocht a mhealladh agus borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch.

Iarscríbhinn 2. Cur Chun Feidhme an Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar

Tá cur chun feidhme an Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta (EIP) do na Balcáin Thiar⁴, a glacadh an 6 Deireadh Fómhair 2020, faoi lán seoil. Is é is aidhm don phlean comhtháthú níos dlúithe a bhaint amach agus an bhearna shocheacnamaíoch idir an réigiún agus an tAontas a dhúnadh, rud a chuideoidh leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus a thabharfaidh na Balcáin Thiar níos gaire do mhargadh aonair an Aontais. Cuirtear an plean chun feidhme trí phacáiste deontas dar luach EUR 9 mbilliún ón Aontas agus trí Shaoráid Ráthaíochta na mBalcáin Thiar, a mheastar a mheallfaidh suas le EUR 20 billiún d'infheistíochtaí.

Meastar go méadófar tionchar na n-infheistíochtaí sin ar gheilleagar an réigiúin trí dhul chun cinn inbhraite i gcur chun feidhme an Chómhargaidh Réigiúnaigh agus na gClár Athchóirithe Eacnamaíoch, chomh maith le dul chun cinn leanúnach i réimsí an smachta reachta, na bainistíochta airgeadais phoiblí agus athchóiriú an riaracháin phoiblí.

Go dtí seo, tá **cistiú dar luach EUR 4,29 billiún de dheontais formheasta nó geallta ag an Aontas** agus meastar go ndéanfaidh sé **níos mó ná EUR 10,76 billiún d'infheistíocht** a ghíaráil ó fhoinsí eile. Áirítear leis sin cistiú do 54 thionscadal shuaitheanta faoi Chreat Infheistíochta na mBalcáin Thiar (WBIF), gníomhaíochtaí déthaobhacha agus iltíre faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) agus cistiú IPARD (an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais don Fhorbairt Tuaithe) chun tacú le bearta talmhaíochta. Ina theannta sin, d'fhormheas an tAontas soláthar 21 ráthaíocht faoin gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI+), lena ndéanfar infheistíocht mhór a ghíaráil trí bhainc agus trí institiúidí idirnáisiúnta maoinithe idirnáisiúnta.

Leis an **infheistíocht i nascacht iompair**, díreann ar an mbonneagar is gá a fhorbairt don iompar ar bóthar, ar iarnród agus ar uiscebhealaí i gcomhréir le tosaíochtaí an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Díreann freisin ar an mbonneagar atá ann cheana a uasghrádú agus a ghlasú chun rannchuidiú le réitigh soghluaisteachta cliste i gcomhréir leis an gClár Oibre Glas.

Sna príomhthionscadail shuaitheanta arna bhformheas faoi WBIF mar chuid de EIP, díreann ar na nithe seo a leanas: (i) an t-iarnród Conair X idir an tSeirbia agus an Bhulgáir; (ii) an Mórbealach Síochána, a nascann an Chosaiv agus an tSeirbia; (iii) an mótarbhealach Conair Vc sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, a nascann an tír leis an Aidriadach, leis an Ungáir agus leis an gCróit; (iv) an Mórbealach Gorm san Albáin; (v) an mótarbhealach Conair VIII sa Mhacadóin Thuaidh; agus (vi) idirnascairí mótarbhealaigh agus iarnróid eile agus seachbhealaí sa réigiún.

Leis na tionscadail sin, comhlánaítear infheistíochtaí nascachta a glacadh sna blianta roimhe seo, ar cuireadh roinnt díobh i gcrích le roinnt míonna anuas. Áirítear leo sin an chuid den mhótarbhealach Conair Vc Tarcin agus Tollán Ivan sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus an stráice iarnróid de Chonair IV Bar-Vrbnica i Montainéagró.

I gcomhar le Buanrúnaíocht an Chonartha um an gComhphobal Iompair, leanann an réigiún de bheith ag obair ar bhearta athchóirithe trí chúig phlean gníomhaíochta earnála (iarnród, bóithre, sábháilteacht ar bhóithre, éascú iompair, agus uisce-iompar agus ilmhódúlacht) agus an straitéis um an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste do na Balcáin Thiar a chur chun

⁴ [COM\(2020\) 641 final](#).

feidhme. Is uirlis phleanála bhreise é an plean oibre rollach 5 bliana arna fhorghníú ag na sé chomhpháirtí le haghaidh na n-athchóirithe agus an bhonneagair nach mór don réigiún tús áite a thabhairt dóibh sna blianta amach romhainn.

Tacaítear le cur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta sin agus le nuachóiriú an bhonneagair atá ann cheana tríd an gclár iompair sábháilte agus inbhuanaithe ar fiú EUR 80 milliún é arna ghlacadh ag Bord Oibríochtúil WBIF i mí an Mheithimh 2023. Leis sin, maoinítear réitigh soghluaisteacha cliste agus inbhuanaithe trí dhíchárbonú agus digitiú.

Tar éis ‘lánaí glasa’ a thabhairt isteach sa réigiún le linn phaindéim COVID-19, tá lánaí glasa agus gorma comhchosúla (ar thrasnuithe mairí) á gcruthú freisin idir na Balcáin Thiar agus tíortha an Aontais mar chuid de na bearta éascaithe iompair. Tá siad á gcur i bhfeidhm ar bhonn píolótach faoi láthair leis an nGréig, leis an Iodáil agus leis an gCróit, agus tá lánaí ar an teorainn idir an tSeirbia agus an Ungáir á gcaibidlíú.

Ar deireadh, mar chuid den togra le haghaidh athbhreithniú ar an Rialachán maidir leis an nGréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T), tá conair na mBalcáin Thiar bunaithe agus cuimsithe sa ghréasán cuimsitheach agus go páirteach sa chroíghréasán. Is léiriú é sin ar thiomantas an Aontais don nascacht sa réigiún, rud a mheastar a bheith ina dhlúthchuid de líonra iompair an Aontais.

Maidir le cúnamh airgeadais le haghaidh iompar inbhuanaithe faoi EIP, rinneadh EUR 1,74 billiún a fhorghnéas go dtí seo faoi WBIF agus gealladh faoi chlár dhéthaobhacha iltíre IPA é. Meastar go ndéanfaidh sé sin EUR 5,7 billiún breise a ghíaráil ó fhoinsí eile.

Diríonn tionscadail shuaitheanta **an aistrithe chuig fuinneamh glan agus na nascachta** ar infheistíocht i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite, ar ‘rabharta athchóiriúcháin’ na héifeachtúlachta fuinnimh agus ar an aistriú ó ghual a éascú. Tacaítear le slándáil fuinnimh agus le héagsúlú soláthair freisin.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, d’fhógair an Coimisiún Pacáiste Tacaíochta Fuinnimh don réigiún ar fiú EUR 1 bhilliún é. Is ionann leath mhéid an phacáiste agus tacaíocht spriocdhírith do ghrúpaí sóisialta leochaileacha agus do ghnólaigh leochaileacha, agus úsáidtear an leath eile chun dlús a chur leis an aistriú fuinnimh, go háirithe trí infheistíochtaí i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh, éagsúlú soláthair agus giniúint foinsí fuinnimh in-athnuaite. Eisíodh an chuid is mó den tacaíocht dhíreach go luath in 2023, agus tá tús áite á thabhairt do na hinfeistíochtaí agus tá siad á nglacadh le linn 2023.

Tá 18 dtionscadal infheistíochta de chuid EIP glactha ag Bord Oibríochtúil WBIF go dtí seo, ar tionscadail iad lena ndírítear ar ghléasraí cumhachta gréine/fótavoltacha a thógáil (e.g. san Albáin, sa Chosaiv agus sa Mhacadóin Thuaidh), ar fheirmeacha gaoithe (e.g. sa tSeirbia), ar ghléasraí hidreachumhachta a athshlánú (e.g. san Albáin, sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, sa Mhacadóin Thuaidh agus sa tSeirbia), ar ghréasán tarchurtha leictreachais (e.g. conair leictreachais Thrás-Balcáin) agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Ina theannta sin, tá an tAontas ag tacú le hinfeistíochtaí in idirnascairí gáis agus tá siad á soláthar aige chun éagsúlú níos fearr maidir le foinsí fuinnimh a áirithiú.

Chun fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus chun tacú le dul chun cinn maidir le foirgnimh phoiblí agus phríobháideacha a athchóiriú, d’athshlánaigh an Coimisiún an clár réigiúnach um éifeachtúlacht fuinnimh le EUR 100 milliún trí chomhaontú ranníocaíochta a síníodh i mí na Nollag 2022. Maoiniú EUR 45 mhilliún le haghaidh saoráid ráthaíochta thiomnaithe do thionscadail a bhaineann go príomha le héifeachtúlacht fuinnimh agus le foinsí fuinnimh in-athnuaite, fuarthas tuairim dhearfach ina leith ó Bhord Oibríochtúil WBIF i mí Aibreáin 2022 agus tá sé á chaibidlíú faoi láthair.

I mí na Nollag 2022, ghlac na Balcáin Thiar spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 faoi Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh. Ar an mbonn sin, tá a bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide féin á bhforbairt acu faoi láthair ina leagtar amach na céimeanna chun na spriocanna sin a bhaint amach. Tá an Coimisiún agus an Comhphobal Fuinnimh i dteagmháil freisin leis na Balcáin Thiar maidir le Córas Trádála Astaíochtaí réigiúnach a fhorbairt mar chuid dá bpróiseas aontachais.

Agus formhór an réigiúin ag brath go mór ar bhreosláí iontaise, beidh an t-aistriú ó ghual sa réigiún ina dhúshlán mór socheacnamaíoch. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún ag tacú leis an ardán comhair le haghaidh réigiúin ghuaill i mbun aistrithe sna Balcáin Thiar agus san Úcráin, rud a léiríonn tionscnamh comhchosúil de chuid an Aontais. Rinneadh sraith iomlán malartuithe déthaobhacha le réigiúin an Aontais cheana féin, agus tá malartuithe eile á bpleanáil.

Maidir le cúnamh airgeadais faoi EIP le haghaidh fuinneamh glan, glacadh EUR 617 milliún go dtí seo faoi WBIF agus gealladh faoi chlár dhéthaobhacha iltíre IPA é. Meastar go ndéanfaidh sé sin EUR 1,3 billiún breise a ghíaráil ó fhoinsí eile.

Thairis sin, d'eisigh Bord Oibríochtúil WBIF tuairim dhearfach maidir le sé ráthaíocht rochtana oscailte a sholáthar a meastar go nginfidh siad infheistíochtaí móra i mbonneagar fuinnimh, san éifeachtúlacht fuinnimh agus san aistriú fuinnimh. Tá na conarthaí á gcaibidlíú faoi láthair.

Comhlánaíonn tosaíochtaí EIP maidir le hiompar agus fuinneamh na hiarrachtaí i réimse **an chomhshaoil agus an athraithe aeráide**. Le chéile, rannchuidíonn siad le cur chun feidhme an Chláir Oibre Ghlais do na Balcáin Thiar, a glacadh le EIP agus a d'fhorghuineadh ceannairí na mBalcáin Thiar trí Dhearbhu Shóifia i mí na Samhna 2020. Tá an clár oibre cúig cholún ag brath ar athchóirithe agus infheistíochtaí rialála sa réigiún chun é a ailíniú le huaillmhianta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, go háirithe i réimsí an aistrithe fuinnimh, an choisc ar thruailliú, an gheilleagair chiorclaigh, chosaint na bithéagsúlachta agus an táirgthe inbhuanaithe bia. Cuirtear cur chun feidhme an chlár oibre chun cinn le tionscadail shuaitheanta EIP a bhaineann le hiompar inbhuanaithe, an t-aistriú fuinnimh agus bainistiú dramhaíola agus fuíolluisce.

Tá plean gníomhaíochta mionsonraithe don chlár oibre á chur chun feidhme ag an réigiún, plean a d'fhorghuineadh na ceannairí ag cruinniú mullaigh Brdo i mí Dheireadh Fómhair 2021. Cé go bhfuil ról lárnach ag an gComhairle um Chomhar Réigiúnach fós maidir le comhordú na dtionscnamh réigiúnach faoin gClár Oibre Glas, thug an Coimisiún clár EU4Green dar luach EUR 11 mhilliún i gcrích le Gníomhaireacht Comhshaoil na hOstaire chun cuidiú le gach comhpháirtí obair a dhéanamh ar a gcuid straitéisí agus athchóirithe féin.

Sa bhreis ar na tionscadail fuinnimh agus iompair a luadh roimhe seo, tá infheistíocht a fhaigheann tacaíocht ón Aontas i bhfabhar an Chláir Oibre Ghlais dírithe ar bhainistiú dramhaíola agus fuíolluisce, an geilleagar ciorclach, cosaint an chomhshaoil agus talmhaíocht inbhuanaithe. Faoi thionscadal suaitheanta 7, tá maoiniú formheasta ag Bord Oibríochtúil WBIF agus ag an gCoimisiún go dtí seo le haghaidh seacht dtionscadal infheistíochta um bainistiú uisce agus fuíolluisce sna sé thír chomhpháirtíochta (lena n-áirítear sna príomhchathracha Podgairitse, Scóipé, Béalgrád agus Sairéavó) agus le haghaidh trí chlár lena dtacaítear le bainistiú dramhaíola (san Albáin, sa Mhacadóin Thuaidh agus sa tSeirbia). Tá sraith clár déthaobhach ann freisin maidir leis an mbithéagsúlacht agus cosaint an chomhshaoil i limistéir shonracha (e.g. Loch Prespa). Tá clár réigiúnach ann freisin chun truailliú i gcathracha a chomhrac trí thacú le Cúnant na Méaraí don Aeráid agus d'Fhuinneamh, rud a chuidíonn le cathracha pleananna a fhorbairt agus treoirtionscadail a chur chun feidhme sa réimse seo.

Cuirtear an t-aistriú glas agraibhia chun feidhme den chuid is mó trí IPARD. Gealladh EUR 152 mhilliún faoi EIP go dtí seo chun tacú le nuachóiriú an táirgthe inbhuanaithe bia.

Maidir le cúnamh airgeadais le haghaidh chosaint an chomhshaoil agus an athraithe aeráide faoi EIP, glacadh EUR 633 mhilliún go dtí seo faoi WBIF agus gealladh faoi chlár dhéthaobhacha iltíre IPA agus IPARD é. Meastar go ndéanfaidh sé sin EUR 685 mhilliún breise a ghíaráil ó fhoinsí eile.

Thairis sin, d'eisigh Bord Oibriochtúil WBIF tuairim dhearfach maidir le ceithre ráthaíocht rochtana oscailte a bhaineann leis an aistriú glas a sholáthar, lena ndírítear ar aistriú inbhuanaithe cathracha, linnte carbóin agus bannaí glasa. Tá na conarthaí á n-ullmhú d'fhonn iad a shíniú in 2023.

Le EIP, tacaítear freisin leis an réigiún ina **chlaochlú digiteach** trí chúnamh teicniúil agus infheistíocht. Dírítear leis ar na hathchóirithe rialála atá fabhrach do mhargadh seirbhísí digiteacha a fhorbairt agus ar infheistíocht a chur chun cinn i réitigh dhigiteacha nuálacha agus i mbonneagar digiteach. Formheasadh dhá thionscadal faoi WBIF go dtí seo, tionscadail a bhaineann le leathanbhanda sa tSeirbia agus saotharlanna TFC san Albáin.

Maidir le hathchóiriú an chreata dhlíthiúil, coinníonn an Coimisiún idirphlé rialála bliantúil ar bun leis an réigiún maidir leis an mbeartas digiteach agus tacaíonn sé leis na cruinnithe mullaigh digiteacha rialta ardleibhéil sna Balcáin Thiar. Ag an idirphlé an 30 Meitheamh 2023, shínigh an Albáin, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia Comhaontuithe Comhlachais leis an gClár don Eoraip Dhigiteach (DIGITAL). Le rannpháirtíocht in DIGITAL, beidh na tíortha in ann páirt a ghlacadh sa Líonra Mol Eorpach maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach lena dtacaítear le cuideachtaí agus leis an earnáil phoiblí san aistriú glas agus san aistriú digiteach. Shínigh na sé thír an Dearbhú maidir le Todhchaí an Idirlín in 2022, ina leagtar amach fis agus prionsabail an idirlín iontaofa. Tá an réigiún comhlachaithe go hiomlán freisin le Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach.

Bhí ról lárnach ag an gCoimisiún, in éineacht leis an gComhairle um Chomhar Réigiúnach, i dtaca leis an gcomhaontú maidir le fánaíocht réigiúnach a bhaint amach, comhaontú lenar tugadh isteach scéim 'Fánaíocht ar Tháillí Baile' sa réigiún an 1 Iúil 2021. Rinne príomhoibreoirí an Aontais agus na mBalcán Thiar an chéad laghdú deonach ar mhuirir fánaíochta sonraí a thabhairt i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2023. Tháinig na hoibreoirí ar chomhaontú freisin maidir le conair faoileoireachta le haghaidh laghduithe breise sna blianta amach romhainn d'fhonn na praghsanna a thabhairt gar do scéim 'Fánaíocht ar Tháillí Baile' faoi 2028.

Go comhthreomhar, tá forbairt réiteach digiteach nua le haghaidh gnéithe éagsúla de gheilleagair na mBalcán Thiar á cur chun cinn ag an Aontas, lena n-áirítear iompar, fuinneamh, lóistíocht, rialtas agus tráchtáil. Tionscnamh mór chun réitigh den sórt sin a chur chun cinn is ea an *Balkathon* bliantúil, lena dtugtar aitheantas do thionscadail nuálacha um aistriú digiteach.

Tá clár réigiúnach, EU4Digital, á ullmhú. Tá buiséad EUR 15 mhilliún aige, agus tá sé beartaithe é a chur chun feidhme i gceann 3 bliana. Is é is aidhm don chlár obair leanúnach an Chómhargaidh Réigiúnaigh – an Limistéir Dhigitigh Réigiúnaigh a chomhlánú, obair a chuireann le cuspóirí an Chláir Oibre Dhigitigh do na Balcáin Thiar.

Tá an chibearshlándáil fós ina gné thábhachtach de EIP. Cuireadh measúnú ar riachtanais chibearshlándála le haghaidh an réigiúin i gcrích, agus tá sraith imeachtaí cúnamh theicniúil á reáchtáil tríd an Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise (TAIEX), rud a fhorbraíonn an ullmhacht do chibirtheamhais.

Maidir le cúnamh airgeadais le haghaidh an chlaohlaithe dhigitigh faoi EIP, glacadh níos mó ná EUR 50 milliún go dtí seo faoi WBIF agus gealladh faoi chlár dhéthaobhacha iltíre IPA é. Meastar go ndéanfaidh sé sin EUR 240 milliún breise a ghíaráil ó fhoinsí eile.

Thairis sin, d'fhorbheas Bord Oibríochtúil WBIF ráthaíocht rochtana oscailte amháin a sholáthar sa réimse seo: an tArdán Claohlaithe Dhigitigh.

Trí **thacú leis an earnáil phríobháideach**, díreann ar chistiú spriocdhírthe trí shaoráidí ráthaíochta tiomnaithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) chun gnó a thosú, chun bheith nuálach agus chun bheith iomaíoch. Cuirtear tacaíocht den chineál céanna ar fáil freisin do ghnólaigh talmhaíochta tuaithe trí IPARD.

Ní mór na dálaí cearta d'fhorbairt agus d'fhás na hearnála príobháidí a chruthú, go háirithe do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (MFBManna). Tá an méid sin i gcroílár an idirphlé maidir leis an mbeartas eacnamaíoch a reáchtáiltear le comhpháirtithe na mBalcán Thiar gach bliain trí chleachtadh na gClár Athchóirithe Eacnamaíoch agus trí na moltaí maidir leis an mbeartas eacnamaíoch a eascraíonn as sin, atá ailínithe le tosaíochtaí EIP.

Tacaíocht ón earnáil phríobháideach, atá dírithe go háirithe ar an nuálaíocht a chothú agus ar an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a neartú, tá sí á cur ar fáil faoi láthair trí shé scéim tiomnaithe mheasctha san earnáil phríobháideach: An clár 'Go Green' do FBManna, an Clár Aeráide, Maoiniú Glas don Chuimsiú, Rochtain Inbhuanaithe ar Mhaoiniú le haghaidh na Fiontraíochta, Bí Digiteach agus Glas don Fhás, iasachtú glas a chur chun cinn.

Tacaíonn an Coimisiún freisin le Fóram Infheistíochta Chomhlachais Tráchtála na Sé Thír sna Balcáin Thiar chun leasanna eacnamaíoch na mBalcán Thiar agus níos faide i gcéin a chur chun cinn. Maoiníonn sé, go háirithe, clár forbartha an tsoláthróra réigiúnaigh, a bhfuil sé d'aithne aige cuidiú le naisc/deiseanna a chruthú do sholáthraithe intíre.

Ar deireadh, sheol an Coimisiún roinnt tionscnamh faoi Ráthaíocht na mBalcán Thiar mar chuid de CEFI+ níos leithne. Áirítear leis sin deich scéim ráthaíochta a sholáthar chun maoiniú ginearálta fairs do FBManna agus saoráid comhroinnte riosca talmhaíochta a chur ar fáil, chomh maith le fás cuimsitheach agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn. Tá an méid sin á chonrú faoi láthair.

Maidir le cúnamh airgeadais le haghaidh forbairt na hearnála príobháidí faoi EIP, rinneadh EUR 341 mhilliún a fhorbheas go dtí seo faoi WBIF agus gealladh faoi chlár dhéthaobhacha iltíre IPA é. Meastar go ndéanfaidh sé sin EUR 2,1 billiún breise a ghíaráil ó fhoinsí eile.

Is é an séú réimse tosaíochta a fhaigheann tacaíocht ó EIP ná **caipiteal daonna agus nuálaíocht a fhorbairt**, lena n-áirítear daoine óga, an t-oideachas agus glacadh leis an nuálaíocht. I mí Iúil 2021, d'fhorbhuigh airí an réigiúin dearbhú lena gceanglaítear ar a dtíortha prionsabail Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus lena gcuirtear chun feidhme tionscnamh suaitheanta na Ráthaíochta don Aos Óg de chuid EIP. Ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar i mí Dheireadh Fómhair 2021, seoladh clár oibre cuimsitheach maidir le nuálaíocht, taighde, oideachas, cultúr, an óige agus spórt (an Clár Oibre um Nuálaíocht).

Is scéim ghníomhachtaíthe í an Ráthaíocht don Aos Óg chun a áirithiú go bhfaigheann daoine óga sna Balcáin Thiar tairiscint ardchaighdeán fostaíochta, oideachais leanúnaigh, printíseachta agus oiliúna laistigh de thréimhse áirithe ama tar éis dóibh a bheith dífhostaithe nó tar éis dóibh an t-oideachas foirmiúil a fhágáil. Faoi scéim, tá gá le hathchóirithe agus le fothú acmhainneachta san oideachas agus sa ghairmoiliúint, san fhostaíocht, sna seirbhísí saothair agus sa chosaint shóisialta. Comhpháirtithe uile na mBalcán Thiar, cé is moite den

Bhoisnia agus an Heirseagaivéin (áit a bhfuil obair ar siúl), ghlac siad pleananna náisiúnta cur chun feidhme maidir leis an Rátháíocht don Aos Óg agus tá sásraí comhordúcháin curtha ar bun acu, agus tá na sásraí sin á gcur i bhfeidhm ar bhonn píolótach ag cuid de na comhpháirtithe cheana féin.

Ó bhí deireadh 2022 ann, tá saoráid an Aontais um chúnamh teicniúil idir piaraí, SOCIEUX+, ar fáil sna Balcáin Thiar. Déanann SOCIEUX+ speisialtóireacht i réimsí na fostaíochta agus na cosanta saothair agus sóisialta agus tugann sé cúnamh gearrthéarmach do thíortha comhpháirtíochta atá ag obair sna hearnálacha incháilithe. Tá 26 ghníomhaíocht ar bun faoi láthair sna Balcáin Thiar, a bhaineann go príomha le cosaint shóisialta agus le saothar agus fostaíocht.

Leis an gClár Oibre do na Balcáin Thiar maidir le Nuálaíocht, Taighde, Oideachas, Cultúr, an Óige agus Spórt, leantar de na Balcáin Thiar a chur ar chonair dhaingean i dtreo comhar níos dlúithe sna réimsí beartais sin. Le go leor iarrachtaí comhair idir Ballstáit an Aontais agus comhpháirtithe na mBalcán Thiar, neartaíodh réimsí tábhachtacha amhail tacú le nuachóiriú na gcóras ardoideachais, comhar tionsclaíoch agus monaraíocht chliste, éiceachórais nuálaíochta a neartú, oiliúint a chur ar phearsanra leighis, digitíú agus cibearshlándáil.

Is é an clár Fís Eorpach príomhionstraim cur chun feidhme an Chláir Oibre um Nuálaíocht, a bhfuil gach ceann de shé chomhpháirtí na mBalcán Thiar comhlachaithe leis anois. Tá rochtain ag an réigiún ar Shaoráid Tacaíochta Beartais RTD freisin agus mhéadaigh sé a ról agus a rannpháirtíocht i dtionscnaimh taighde de chuid an Aontais amhail COST agus EUREKA. Tá an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia comhlachaithe le Erasmus+, agus tairbhíonn ceithre chomhpháirtí eile de thacaíocht ón ngné idirnáisiúnta de chlár Erasmus+. Ó bhí 2023 ann, tá tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha de chuid Erasmus+ oscailte do rannpháirtíocht na n-institiúidí ardoideachais uile ó na Balcáin Thiar mar chomhpháirtithe iomlána. Is comhghuaillíochtaí trasnáisiúnta d'institiúidí ardoideachais iad Ollscoileanna Eorpacha a fhorbraíonn comhar struchtúrach agus straitéiseach fadtéarmach, a chruthaíonn ollscoileanna na todhchaí agus a chuireann luachanna agus féiniúlacht na hEorpa chun cinn. Tá comhpháirtithe na mBalcán Thiar comhlachaithe go hiomlán freisin le tionscnaimh an Aontais i réimse an chultúir, lena n-áirítear an clár Eoraip na Cruthaitheachta agus an tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua. Cuireann an tionscnamh sin nuálaíocht, inbhuanaitheacht, cuimsiú agus aeistéitic i mbonneagar agus i dtionscadail eile chun cinn agus baineann sé go háirithe le cur chun feidhme an Chláir Oibre Ghlais.

Áirítear le cúnamh an Aontais sa réimse sin freisin dlúthchomhar leis na Balcáin Thiar maidir leis an tsláinte. Tá an réigiún comhlachaithe fós le hobair Choiste Slándála Sláinte an Aontais agus an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú, agus tá rochtain aige ar sholáthar comhpháirteach soláthairtí leighis. Tá tionscadal athléimneachta géarchéime sláinte sna Balcáin Thiar á mhaoiniú ag an Aontas agus tá tionscadal infheistíochta á mhaoiniú aige freisin chun Ospidéal Ollscoile na Leanaí i mBéalgrád a leathnú.

Maidir le cúnamh airgeadais le haghaidh fhorbairt an chaipitil dhaonna faoi EIP, rinneadh EUR 368 milliún a fhorbheas go dtí seo faoi WBIF agus gealladh faoi chlár dhéthaobhacha iltíre IPA é. Meastar go ndéanfaidh sé sin EUR 477 milliún breise a ghíaráil ó fhoinsí eile.

Tá tiomantas an réigiúin (agus tacaíocht an Aontais) ina mbonn taca leis na sé thosaíocht atá ag EIP – agus méadaítear tionchar na dtosaíochtaí sin – chun Cómhargadh Réigiúnach a chruthú sna Balcáin Thiar bunaithe ar na ceithre shaoirse gluaiseachta. Dul chun cinn mór a bhí ann ag deireadh 2022 nuair a tugadh trí chomhaontú i gcrích maidir le saorghluaiseacht daoine sa réigiún. Le cur chun feidhme rathúil na gcomhaontuithe sin, éascófar taisteal agus aitheantas do cháilíochtaí ardoideachais agus do cháilíochtaí gairmiúla áirithe. Tá an tAontas

ag tacú le forbairt an Chómhargaidh tríd an gComhairle um Chomhar Réigiúnach agus trí Chomhaontú Saorthrádála Lár na hEorpa (CEFTA).

Ar deireadh, braitheann rath an Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta ar na comhpháirtithe uile dea-chleachtais a chur chun feidhme maidir leis an smacht reachta, bainistíocht airgeadais phoiblí agus infheistíochta agus riarachán poiblí gairmiúil agus éifeachtúil a chothú.

Iarscríbhinn 3. Cur chun feidhme an Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta (EIP) – forléargas ar an Úcráin, ar an Moldóiv agus ar an tSeoirsia

In 2021 sheol an tAontas agus a chúig chomhpháirtí san Oirthear **Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do Chomhpháirtíocht an Oirthir**⁵ (EIP). Is é is aidhm dó tacú le téarnamh eacnamaíoch tar éis 2 bhliain de ghéarchéim sláinte a bhí díobhálach go sóisialta agus ó thaobh an gheilleagair de. Tá sé d'aidhm ag an bplean freisin na claochluithe glasa agus digiteacha is gá a dhéanamh chun geilleagair a thógáil atá nuálach, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, cuimsitheach go sóisialta agus athléimneach.

Ó cuireadh tús le cogadh foghach gan chúis na Rúise in aghaidh na hÚcráine, tá tábhacht shocheacnamaíoch agus ábharthacht pholaitiúil iomlán nua bainte amach ag EIP. Tá sé ina dhlúthchuid d'fhreagairt an Aontais ar thionchar an chogaidh i gcoinne na hÚcráine tríd an leachtacht a sholáthar agus na hinfeistíochtaí is gá a shlógadh chun cuidiú le geilleagar na hÚcráine – agus le geilleagar na Moldóive – fanacht i mbun gnó. Tá EIP ina chuid freisin de thacaíocht an Aontais chun an dá thír sin – chomh maith leis an tSeoirsia – a chomhtháthú i ngeilleagar agus i margaí fuinnimh, digiteacha agus iompair an Aontais. Is príomhshásra é chun a n-iarrachtaí aontachais a éascú agus chun leas a bhaint as na buntáistí a bhaineann le lánpháirtiú na hEorpa.

Is é uaimhian an phlean infheistíocht suas le EUR 17 mbilliún a shlógadh sa réigiún in 2021-2027 trí EUR 2,3 billiún de dheontais agus ráthaíochtaí de chuid an Aontais a ghíaráil. Tá bearta beartais tionlacain agus tacaíocht theicniúil ina gcuid de chur chun feidhme EIP freisin.

Ó mhí Mheán Fómhair 2023 ar aghaidh, rinneadh an méid iomlán EUR 6,2 billiún a shlógadh trí dheontais dhéthaobhacha agus réigiúnacha, oibríochtaí measctha agus ráthaíochtaí chun tacú le tosaíochtaí EIP san Úcráin, sa Mholdóiv agus sa tSeoirsia. Le EUR 3,5 billiún den mhéid sin tacófar le cur chun feidhme tionscadal suaitheanta tíre. Is éard atá sa líon infheistíochtaí a slógadh go dtí seo faoi EIP 40 % den spriocmhéid de EUR 17 mbilliún d'infheistíochtaí atá le slógadh. Sa chéad leath de 2023, cuireadh dlús leis an infheistíocht a bhuí leis an bplean. Le tabhairt i gcrích comhaontuithe nua ráthaíochta le hinstiúidí airgeadais comhpháirtíochta faoin ionstraim CEFI+, tá coinne leis go gcuirfear dlús breise le cur chun feidhme an phlean.

Iompar inbhuanaithe

Tá nascacht iompair inbhuanaithe ina príomhthosaíocht sa réigiún ó seoladh Comhpháirtíocht an Oirthir in 2009. I mí na Nollag 2021 rinne an tAontas agus a chomhpháirtithe san Oirthear athnuachan ar a dtiomantas croínaisc iompair a neartú, agus aird ar leith á tabhairt do chroíghréasán táscach leathnaithe TEN-T, lena n-áirítear naisc ar fud na Mara Duibhe. Tá acmhainneacht ollmhór ag feabhsuithe ar phríomhnaisc aeir, bóthair, iarnróid, mhuirí agus uiscebhealaí intíre forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe, comhtháthú margaidh agus trádáil trasteorann sa réigiún agus idir an réigiún agus an tAontas a spreagadh. Ó bhí 2021 ann, slógadh EUR 1,2 billiún chun tacú le nascacht iompair.

San Úcráin agus sa Mholdóiv, tá an tAontas ag cloí lena thiomantas tacú le cur chun feidhme **Thionscnamh na Lánaí Dlíthpháirtíochta** idir an tAontas agus an Úcráin. Is conairí iompair tosaíochta iad lánaí dlíthpháirtíochta lena nasctar an Úcráin agus an Mholdóiv leis an Aontas Eorpach. Is iad sin an príomhbhealach chun earraí fíor-riachtanacha a thrádáil ón Úcráin agus chuig an Úcráin, agus anois tá siad ina líne tharrthála do gheilleagar na tíre. Tá

⁵ [SWD\(2021\) 186 final](#).

an Coimisiún ag obair le Ballstáit an Aontais, leis an Úcráin, leis an Moldóiv, le comhpháirtithe agus cuideachtaí idirnáisiúnta, agus le hoibreoirí iompair chun feidhmiú na lánaí dlúthpháirtíochta a leathnú agus feabhas a chur orthu. Tá an Coimisiún ag díriú ar chostais iompair agus lóistíochta feadh na lánaí dlúthpháirtíochta a laghdú trí nósanna imeachta cuíchóirithe, tríd an mbonneagar a uasghrádú agus trí leas a bhaint as acmhainneacht iomlán na mbealaí uile. Sa chomhthéacs sin, déanfar uasghrádú ar phointí trasteorann iarnróid agus bóithre idir Ballstáit chomharsanachta an Aontais (an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic) agus an Úcráin agus an Mholdóiv le naoi dtionscadal de chuid na Saoráide um Chónascadh na hEorpa, le haghaidh tacaíocht iomlán ón Aontas dar luach beagnach EUR 250 milliún.

In 2022, d'oibrigh an Coimisiún i gcomhar le húdaráis na Moldóive, leis an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF) agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) chun tacú le hathshlánú na haise iarnróid **thuidh-theas**. Is é an príomhchuspóir feabhas a chur ar acmhainneacht ghréasán iarnróid na Moldóive a chumhdaíonn tuairim is 128 km ar an gconair Vălcineț-Ocnița-Ungheni-Chișinău-Căinari, go háirithe ó thaobh noirm meáchain agus luas taistil de. Tagann sé sin sa bhreis ar infheistíochtaí gearrthéarmacha arb é is aidhm dóibh an príomhphointe trasnaithe teorann bóthair idir an Úcráin agus an tSlóvaic a uasghrádú go tapa agus trealamh a cheannach, amhail scanóirí agus gineadóirí, le haghaidh pointí trasnaithe teorann tosaíochta idir an Úcráin agus Ballstáit an Aontais. Shlóg an Coimisiún EUR 20 milliún i ndeontais tríd an Ionstraim Beartais Eachtraigh mar aon le hiasacht EUR 12 mhiliún ó BEAF.

Sa tSeoirsia, lean an tAontas agus BEI de bheith ag infheistiú sa **mhórbhealach thoir-iarthair** agus béim á cur ar 'spotaí dubha', ar codanna iad den bhóthar ina bhfuil an líon tionóiscí bóthair agus an líon básanna an-ard. Leanfaidh an tAontas agus BEI de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na conaire rithabhachtaí sin leis an méid iomlán EUR 446 mhiliún (lena n-áirítear EUR 16,8 milliún i ndeontais). Chun tacú le tionscnamh suaitheanta 2 sa tSeoirsia, sheol an tAontas staidéar féidearthachta cuimsitheach freisin chun measúnú a dhéanamh ar inmharthanacht tráchtála línte farantóireachta/friothálacha breise chun an tSeoirsia a nascadh leis an mBulgáir tríd an Muir Dhubh.

I mí na Samhna 2022 bhí an Úcráin, an Mholdóiv agus an tSeoirsia ina mbreathnóirí a bhí rannpháirteach i gcomhlachtaí an **Chomhphobail Iompair**. Rachaidh sé sin chun tairbhe do na tíortha ó thaobh **acquis ábhartha iompair an Aontais a chur chun feidhme** agus gréasán tascach TEN-T a fhorbairt ar a gcíoch, chomh maith le dea-chleachtais a roinnt le comhpháirtithe réigiúnacha na mBalcán Thiar agus le Ballstáit an Aontais. Tá teagmháil cheana féin ag Buanrúnaíocht an Chonartha um an gComhphobal Iompair (CCI) leis na breathnóirí atá rannpháirteach ar leibhéal éagsúla chun iad a thabhairt isteach in obair an Chomhphobail Iompair, iad a thabhairt isteach in obair choistí teicniúla CCI agus tús a chur leis an obair ar chuid de phríomhspríocanna insoláthartha CCI (amhail na pleananna gníomhaíochta maidir le hiarnróid, bóithre, sábháilteacht ar bhóithre, éascú iompair, iompar d'uisce agus ilmhódúlacht).

Bhí an Mholdóiv agus an Úcráin bainteach leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh 2023, faoi seach. Ba cheart go n-eascródh comhar neartaithe in earnáil an iompair as sin agus go dtacódh sé le cur chun feidhme TEN-T leathnaithe.

Rochtain ar mhaoiniú a éascú do FBManna

Ó seoladh EIP, tá tacaíocht ghníomhach tugtha ag an Aontas d'iarrachtaí chomhpháirtithe an Oirthir tús a chur lena ngeilleagar tar éis 2 bhliain an-deacair de dhianghlasáil agus de chur

isteach ar thrádáil mar gheall ar COVID-19. Tá aird ar leith tugtha ag an Aontas ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais mhaoinithe MFBManna trí EUR 1,5 billiún i línte creidmheasa agus i seirbhísí comhairleacha gnó a shlógadh chun cuidiú leo gníomhaíocht a atosú, sciartha den mhargadh ligthe thar ceal a aiséileamh agus a n-oibríochtaí a dhigitiú agus a nuachóiriú. Cuireann línte creidmheasa a fhaigheann tacaíocht ón Aontas téarmaí iasachtaíochta níos fearr ar fáil do MFBManna, go háirithe trí aibíochtaí níos faide, ceanglais laghdaithe maidir le comhthaobhacht, cúnamh teicniúil saincheaptha agus dreasachtaí infheistíochta a mholadh. Sholáthair an tAontas, i gcomhar le BGK, ráthaíocht EUR 10 milliún don Úcráin chun iasachtú athnuaite a chumasú do FBManna nach gcáileoidís le haghaidh maoiniú nua mar gheall ar rioscaí a bhaineann leis an gcogadh leanúnach.

Éascú trádála

I mí Dheireadh Fómhair 2022 sheol an tAontas **Deasc Chabhrach Trádála Chomhpháirtíocht an Oirthir**, arb é is aidhm dó rochtain cuideachtaí ar fhaisnéis a bhaineann le trádáil a éascú. Is tairseach ar líne í an Deasc Chabhrach ina bhfuil rochtain mhionsonraithe ar fhaisnéis faoin margadh (rialacháin infheidhme maidir le honnmhairiú agus allmhairiú, bearta taraife agus neamhtharaife, dleachtanna, cánacha, nósanna imeachta, etc.), staidreamh trádála agus léargais anailíseacha ar acmhainneacht mhargáí náisiúnta an Aontais agus Chomhpháirtíocht an Oirthir. Rinneadh suirbhéanna ar bhearta neamhtharaife (bearta rialála, bearta nós imeachta) i ngach tír chun bacainní ar thrádáil earraí agus seirbhísí a shainaithint agus chun moltaí a sholáthar d'fhonn iad a sháru.

Cur chun feidhme **EU4Business**: Leanadh ar aghaidh leis an tionscadal '**Connecting Companies**' [Cuideachtaí a nascadh] in 2022 agus go luath in 2023. Is é is aidhm don tionscadal caidreamh trádála agus comhpháirtíochtaí gnó a chur chun cinn i dtíortha comhpháirtíochta an Oirthir trí naisc a chruthú idir FBManna agus eagraíochtaí tacaíochta gnó san Aontas agus i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir is piaraí leis. Forbraíodh scéim soghluaisteachta lena gcumasaítear malartuithe idir FBManna agus eagraíochtaí tacaíochta gnó ón dá réigiún.

Fuinneamh inbhuanaithe agus dícharbónú geilleagar

Ó seoladh EIP, tá dul chun cinn nach beag déanta i réimse ríthábhachtach an fhuinnimh inbhuanaithe, réimse ina bhfuil EUR 1,6 billiún d'infheistíochtaí slógtha cheana ar fud réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir.

In 2022 lean an clár EU4Energy de bheith ag tacú leis an Úcráin, leis an Moldóiv agus leis an tSeoirsia chun a gcreataí fuinnimh dlíthiúla agus rialála a thógáil. Leis an gclár tugadh cúnamh do chomhpháirtithe an Oirthir freisin chun timpeallacht fhabhrach a chruthú chun fuinneamh in-athnuaite agus meascáin fuinnimh níos glaise a fhorbairt. Bhí ról lárnach ag an gclár maidir le cúnamh a thabhairt **don Úcráin agus don Mholdóiv** i bpróiseas iars-ioncrónaithe an Líonra Eorpaigh d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis. Thacaigh sé freisin leis an Úcráin in atógáil leanúnach a córais fuinnimh, rud a chuireann le slándáil an tsoláthair fuinnimh sa réigiún.

Chuathas i mbun comhair leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fuinneamh In-athnuaite (IRENA). Ba é b'aidhm leis sin coinníollacha agus bacainní a shainaithint maidir le forbairt agus comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir.

San **Úcráin**, lean tionscnamh suaitheanta an Chiste um Éifeachtúlacht Fuinnimh (CEF) (EUR 104 mhilliún arna chumhdach ag an Aontas) dá chlár infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh ilárasán a chur chun feidhme go rathúil. Faoi dheireadh mhí an Mhárta 2023, bhí beagnach 80 000 teaghlach rannpháirteach in CEF, agus 261 thionscadal curtha i gcrích go hiomlán nó i bpáirt i bhfoirgnimh ilárasán (b'athchóirithe doimhne breis

agus 80 % díobh sin). In 2022 thug CEF clár nua ‘athchóiriúcháin’ isteach, clár a thacaíonn le deisiúcháin thapa a dhéanamh ar fhoirgnimh chónaithe nach ndearadh damáiste struchtúrtha dóibh de bharr an chogaidh.

Mar chuid de Chomhpháirtíocht Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Comhshaoil Oirthear na hEorpa (E5P), chómhainigh an tAontas roinnt tionscadal faoi stiúir BEAF maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus téamh ceantair san **Úcráin**. Cumhdaíonn tionscadail maidir le hathshlánú téimh ceantair Zhytomyr, Ternopil, Lviv, Lutsk agus Chernivtsi agus buiséad iomlán de thart ar EUR 110 milliún acu agus ranníocaíocht iasachta BEAF de EUR 48 milliún. Tá tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh d’fhoirgnimh phoiblí Dnipro ar siúl faoi láthair agus buiséad EUR 39 milliún acu, lena n-áirítear ranníocaíocht iasachta EUR 20 milliún ó BEAF. Sheol BEI mórchlár nua chun athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh phoiblí san Úcráin (suas le 1 000 ospidéal agus scoil) i mí an Mhárta 2023 le deontais ón Aontas agus ón gclár E5P. Cumhdófar leis sin anois gnéithe nach mbaineann le héifeachtúlacht fuinnimh freisin amhail foscadáin bhuamála, bearta sábháilteachta dóiteáin níos fearr agus rochtain níos fearr do dhaoine faoi mhíchumas. I sruth oibre tábhachtach, ar cuireadh tús leis in 2022 agus atá fós ar siúl, tá dhá chlár cúnaimh éigeandála arna maoiniú ag an Aontas maidir le tithíocht do dhaoine atá easáitithe ina dtír féin.

Sa **Mholdóiv**, síníodh an clár éifeachtúlachta fuinnimh in 2022 (ar clár é arna mhaoiniú le deontas EUR 15 mhilliún agus dhá iasacht de EUR 30 milliún ó BEAF agus ó BEI). Is é an chéad tionscnamh éifeachtúlachta fuinnimh náisiúnta sa Mholdóiv é. Is iad na príomhchatagóirí foirgneamh a ndírítear orthu leis an gclár foirgnimh phoiblí atá faoi úinéireacht an stáit agus/nó na mbardas. Meastar gur fiú thart ar EUR 94 mhilliún an infheistíocht iomlán. Agus é á mhaoiniú faoin gclár E5P, bhain clár um éifeachtúlacht fuinnimh Chişinău i bhfoirgnimh phoiblí isteach an dara céim den chur chun feidhme amach agus is é is aidhm dó 119 bhfoirgneamh phoiblí a athchóiriú. Cuireadh céim 1 téimh cheantar Balti (buiséad iomlán EUR 11 mhilliún, iasacht BEAF EUR 7 milliún) i gcrích, agus tá tús á chur le céim 2 (buiséad iomlán EUR 18 milliún, iasacht BEAF EUR 14 mhilliún).

Sa **tSeoirsia**, tháinig deireadh le tionscadal nasctha leis an gcoimisiún rialála fuinnimh, arna chur chun feidhme ag cuibhreannas faoi stiúir na hOstaire agus na Gearmáine, i mí Aibreáin 2023. Cumhdaíodh ann gníomhaíochtaí chun forbairt an mhargaidh fuinnimh a chur chun cinn, lena n-áirítear ról Rialálaí Náisiúnta Fuinnimh agus Uisce na Seoirsia maidir le rialáil an mhargaidh, comhtháthú fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn. In 2021-2022, tugadh tacaíocht ón Aontas dar luach EUR 135 mhilliún don Mholdóiv chun cuidiú leis na daoine is leochailí den daonra dul i ngleic le costais fuinnimh atá ag dul i méid agus chun tacú le téarnamh socheacnamaíoch fadtéarmach na tíre, leis an tslándáil fuinnimh agus leis an aistriú fuinnimh. Le Ciste Tacaíochta Fuinnimh **na hÚcráine**, atá á bhainistiú ag Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh agus a bhfuil an Coimisiún Eorpach ina chomhchathaoirleach air, maoiníodh soláthar ardtrealaimh gáis ar fiú beagnach EUR 7,6 milliún é d’Oibreoir Chóras Tarchurtha Gáis na hÚcráine chun saoráidí a ndearnadh damáiste dóibh agus saoráidí atá i gcríocha a saoradh a athchóiriú.

Sa **tSeoirsia**, faoi E5P, cuireadh tionscadal éifeachtúlachta fuinnimh chun feidhme le haghaidh scoileanna i réigiúin shléibhtiúla (deontas EUR 2,6 milliún). Cuireann KfW agus BEAF clár comhthreomhar chun feidhme chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh poiblí a fheabhsú, ar clár é a dtacaíonn deontas EUR 13 mhilliún ón Aontas leis.

Cuidíonn **an tIonad Airgeadais agus Aistrithe Teicneolaíochta don Athrú Aeráide – ionú EU4Climate**, atá á reáchtáil ag BEAF, le FBManna agus le cuideachtaí meánchaipitlithe a dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú chomh maith lena gcostais fuinnimh agus uisce trí theicneolaíochtaí nuálacha glasa a ghlacadh.

Leis an gelár **EU4Climate** atá ann faoi láthair cuidíodh le tíortha comhpháirtíochta feabhas a chur ar bheartais maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin agus bogadh i dtreo geilleagar íseal-astaíochtaí aeráid-díonach i gcomhréir le Comhaontú Pháras. Seoladh tionscadal nua leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil mar chomhpháirtí cur chun feidhme chun cuidiú leis **an tSeoirsia**, leis **an Moldóiv** agus leis **an Úcráin** córas rialachais éifeachtach a bhunú le haghaidh gníomhú ar son na haeráide.

Bainistiú sócmhainní nádúrtha, an aeráid agus an comhshaoil

In 2022, bhain infheistíocht sa gheilleagar ciorclach tairbhe as maoiniú a cuireadh ar fáil trí thacaíocht do FBManna. Bhí tacaíocht rialála agus seirbhísí comhairleacha do ghnólachtaí ag gabháil leis sin, a cuireadh ar fáil go príomha tríd an gelár EU4Environment. San Úcráin, lean an tAontas de thacaíocht a thabhairt do scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora (EPR) a chruthú le haghaidh sruthanna dramhaíola éagsúla. Ina theannta sin, tugadh léarscáileanna dramhaíola tionsclaíche chun críche le haghaidh réigiúin sa tSeoirsia agus san Úcráin. Sa Mholdóiv, cuireadh measúnuithe réamh-indéantachta i gcrích maidir leis an Limistéar Eacnamaíoch Saor Valkanes agus an Pháirc Thionsclaíoch Tracom a chlaochlú ina bpáirceanna éiceathionsclaíocha. Sa Mholdóiv, cuireadh measúnú ar na sásraí EPR atá ann cheana i gcrích agus soláthraíodh moltaí beartais. Áiríodh orthu sin moltaí chun feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil maidir le cur chun feidhme EPR le haghaidh dramhaíl ó threalamh leictreach agus leictreonach agus ó cheallraí dramhaíola. Maidir le tacaíocht rialála, fuair an tSeoirsia cúnamh chun a straitéis náisiúnta dramhaíola do 2016-2030 a thabhairt cothrom le dáta agus plean bainistithe dramhaíola náisiúnta nua a fhorbairt le haghaidh 2022-2026. Ghlac an rialtas na doiciméid sin i mí Lúnasa 2022. Áirítear orthu sin spriocanna a thabhairt cothrom le dáta, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le dramhaíl in-bhithmhillte agus ghuaiseach agus breac-chuntas a thabhairt ar riachtanais do scéimeanna EPR.

Maidir le tacaíocht chomhairleach, forbraíodh measúnuithe éiceanuálaíochta agus treochláir le haghaidh cúig FBM ó na hearnálacha fíona agus éadaigh sa Mholdóiv a bhuí le comhar leis an Eagraíocht um Fhorbairt Fiontraíochta. Fuair ocht FBM sa tSeoirsia de chuid na n-earnálacha talmhaíochta agus fáilteachais tacaíocht chomhairleach den chineál céanna. Tá measúnú á dhéanamh ar tháirgí ó thrí chuideachta atá dírithe ar onnmhairiú san Úcráin agus ó chúig chuideachta atá dírithe ar onnmhairiú sa tSeoirsia trí úsáid a bhaint as modheolaíocht an Loirg Comhshaoil Táirge.

Maidir leis an mbonneagar uisce san Úcráin, sa Mholdóiv agus sa tSeoirsia, tá easpa mhór infheistíochta caipítail, cothabhála agus deisiúcháin ann. Dá bhrí sin, tá sé d'aidhm ag EIP an soláthar uisce agus an tsláintíocht a uasghrádú a thuilleadh agus cuidiú le pleananna bainistithe abhantracha a chur i bhfeidhm. Tá roinnt tionscadal infheistíochta ar siúl san Úcráin, sa Mholdóiv agus sa tSeoirsia le tacaíocht ón Aontas. I gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise, chuidigh maoiniú ón Aontas le 6,9 milliún duine san Úcráin rochtain a fháil arís ar uisce glan. Tá an tAontas tar éis maoiniú a ghíaráil le haghaidh infheistíochta i mbonneagar uisce i gcomhar le roinnt institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, lena n-áirítear AFD, BEI, BEAF, KfW, agus NEFCO.

Chun tacaíocht theicniúil a sholáthar d'athchóiriú agus d'infheistíocht in earnáil an uisce, seoladh cur chun feidhme chlár EU4Environment – Uisce agus Sonraí go luath in 2022 agus tháinig na chéad torthaí air. Rinneadh próiseas an idirphlé beartais náisiúnta maidir le huisce a atosú i ngach tír chomhpháirtíochta. Faoi gelár, seoladh forbairt pleananna nua bainistithe abhantraí sa tSeoirsia, agus leanadh den obair ar phlean bainistithe abhantraí Dnipro san Úcráin. Is ag céim tionscanta atá an tacaíocht chun infheistíochtaí a shainaithint san fhoraoiseacht, sa bhithéagsúlacht agus i gcosaint an dúlra. Mar sin féin, tá dul chun cinn

déanta sa réimse sin ag an Úcráin agus ag an Moldóiv trína n-aontachas le Clár LIFE an Aontais.

Is ag céim tionscanta atá an tacaíocht chun infheistíochtaí a shainnighint san fhoraoiseacht agus i limistéir faoi chosaint.

Bonneagar digiteach agus seirbhísí digiteacha

Trí bhíthin EIP, tá gealltanas tugtha ag an Aontas suas le **EUR 1,5 billiún d'infheistíocht phoiblí agus phríobháideach** a shlógadh chun tacú le claochlú digiteach an réigiúin i gcomhréir le caighdeáin an Aontais. Déantar foráil sa phlean freisin maidir le sraith **tionscnamh suaitheanta** a bhaineann le nascacht dhigiteach, ar tionscnaimh iad a sainnighníodh go comhpháirteach mar thosaíochtaí infheistíochta le comhpháirtithe an Oirthir. Cuirtear na tionscadail sin san áireamh sa **straitéis níos leithne Global Gateway**.

Ó seoladh EIP, tá an tAontas ag obair go gníomhach le hinstiúidí airgeadais Eorpacha agus idirnáisiúnta, le Ballstáit an Aontais agus leis an earnáil phríobháideach chun tacú le tionscadail dhigiteacha sa réigiún. Áirítear leis sin idirlíon tapa inacmhainne a chur i bhfeidhm i gceantair thuaithe **sa tSeoirsia** chomh maith leis an réamhobair a ullmhú chun cábla digiteach a thógáil a nascfaidh an tAontas leis an tSeoirsia agus le réigiún Chugas Theas tríd an Muir Dhubh. Bhí rannpháirtíocht an Aontais sna tionscadail sin rithabhachtach chun a áirithiú go gcomhlíonann siad caighdeáin dhigiteacha an Aontais, go háirithe maidir leis an gcibearshlándáil (bosca uirlisí 5G) agus rochtain oscailte ar an idirlíon.

I réimse an **gheilleagair dhigitigh**, mar chuid de thionscnamh EU4Digital, cuireadh naoi ngníomhaíocht phíolótacha chun feidhme idir Ballstáit an Aontais agus an Úcráin, an Mholdóiv agus an tSeoirsia maidir le ríomhthráchtáil, ríomhchustaim agus ríomhshíniú chun rochtain ar mhargadh aonair digiteach an Aontais Eorpaigh a fheabhsú. D'éascaigh an Coimisiún **socrúithe fánaíochta deonacha** a thabhairt i gcrích idir oibreoirí teileachumarsáide san Aontas agus **san Úcráin** agus **sa Mholdóiv**, rud as ar eascair tairbhí nithiúla don phobal agus do ghnólaigh.

Forbraíodh **straitéisí náisiúnta leathanbhanda sa Mholdóiv** agus **sa tSeoirsia** chun infheistíochtaí in idirlíon ardluais agus inacmhainne sa réigiún a éascú. Áiríodh leis sin comhinfeistíocht EUR 70 milliún ó BEI agus ón mBanc Domhanda sa tSeoirsia chun leathanbhanda a chur ar fáil i bpobail tuaithe. Tá laghdú 70 % tagtha ar phraghas na nascachta idirnáisiúnta d'instiúidí taighde agus oideachais le blianta beaga anuas. Ina theannta sin, bunaíodh dhá mhórbhealach dhigiteacha shárthapa (suas le 400 Gbps) idir an tAontas, **an Mholdóiv** agus **an Úcráin** chun comhar sa taighde agus sa nuálaíocht a éascú, lena n-áirítear rannpháirtíocht sa chlár Fis Eorpach.

San Úcráin, thacaigh an cistiú breise a slógadh ó thús fhogha na Rúise le claochlú digiteach athléimneach na tíre, lena n-áirítear idir-inoibritheacht clárlann, céannacht leictreonach atá ailínithe le caighdeáin an Aontais agus cúltacaí sonraí. Tá an tacaíocht ag cuidiú freisin le reachtaíocht na hÚcráine a ailíniú le *acquis* teileachumarsáide fánaíochta ábhartha an Aontais ionas go bhféadfadh an tír dul isteach i limistéar 'fánaíocht ar tháillí baile' an Aontais.

Sláinte agus córais sláinte

Sa Mholdóiv, le tionscadal imscartha vacsaíní idir an tAontas agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) soláthraíodh tacaíocht theicniúil don Aireacht Sláinte agus do pháirtithe leasmhara eile chun pleananna seachadta seirbhísí vacsaínithe, pleananna teagmhais náisiúnta maidir le himdhíonadh agus measúnú riosca a fhorbairt i gcomhthéacs na tíre atá ag cur fáilte roimh dhídeanaithe. Leithdháileadh acmhainní chun an slabhra fuar agus trealamh TF a cheannach. Áiríodh leis sin ríomhairí agus trealamh do na trádstórais náisiúnta

agus 10 dtrádstóras vacsaíní réigiúnacha, agus 15 fheithicil le haghaidh cuairteanna maoirseachta tacúla ón nGníomhaireacht Náisiúnta um Shláinte Phoiblí. Thacaigh an tAontas le feachtais chumarsáide i ndeich gcinn de na 37 gceantar ina raibh an cumhdach vacsaínithe is ísle.

Sa tSeoirsia, soláthraíodh cúnamh teicniúil spriocdhírthe chun prótacal a fhorbairt le haghaidh taighde foirmitheach cáilíochtúil ar imdhíonadh agus pacáiste comhtháite oiliúna d'fhoireann cúraim sláinte maidir le gnáthdhíonadh agus vacsaíniú COVID-19. Leis an tionscadal idir an tAontas agus EDS soláthraíodh trealamh slabhra fuar freisin chun an bonneagar stórála vacsaíní a neartú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal ceantar.

Caipiteal daonna

Príomhfhócas de chuid EIP is ea tacaíocht d'athchóiriú oideachais, lena n-áirítear bunoidreachas, ardoideachas agus gairmoideachas, oiliúint ghairmiúil agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Is codanna lárnacha de thacaíocht EIP d'fhorbairt an chaipitil dhaonna iad deiseanna a chur ar fáil le haghaidh malartuithe daoine óga agus mac léinn (e.g. deiseanna a chur ar fáil trí Erasmus+) agus infheistíocht níos láidre a dhéanamh sa chumas taighde.

Maidir le malartuithe mac léinn, bhí 3507 mac léinn ón Úcráin, ón Moldóiv agus ón tSeoirsia in ann staidéar a dhéanamh in ollscoileanna ón Aontas in 2022, agus d'fhéadfadh 429 mac léinn staidéar a dhéanamh i gceann amháin d'ollscoileanna na dtrí thír. Bhí 2504 bhall foirne acadúla san iomlán in ann am a chaitheamh in ollscoil Eorpach eile, agus chaith 1864 bhall foirne acadúla tréimhse i gceann amháin d'ollscoileanna na dtrí thír.

San Úcráin, tá an tAontas Eorpach ag tacú le hearnáil an oideachais ar feadh i bhfad, agus í roinnte i gceithre réimse, a bheag nó a mhór: tacaíocht don bhunoidreachas/don mheánoideachas agus don athchóiriú 'Scoil Nua na hÚcráine' (EUR 2 mhilliún); tacaíocht d'athchóirithe gairmoideachais agus gairmoiliúna (EUR 16 mhilliún mar chúnamh teicniúil) agus nuachóiriú (EUR 21 mhilliún); agus tacaíocht don ardoideachas trí dheontais d'ollscoileanna a easáitíodh in 2014 mar gheall ar fhogha na Rúise in oirthear na hÚcráine (deontais éagsúla, EUR 10 milliún).

Mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, rinneadh **athchoigeartú ar an tacaíocht atá ann cheana** agus ar thosaíochtaí breise chun tacaíocht éigeandála a cheadú (mar shampla, gineadóirí leictreachais do scoileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna). Ina theannta sin, rinne an tAontas an méid seo a leanas: (i) saoráidí scoile a athshlánú – soláthraíodh EUR 66 mhilliún i dtacaíocht bhuiséadach (chomh maith le EUR 34 mhilliún trí thionscadail atá á mbainistiú ag an gCoimisiún Eorpach); (ii) busanna scoile a sholáthar (EUR 14 mhilliún); agus (iii) faoi Chéim II de 'U-LEAD with Europe': Athshlánú Scoile Áitiúil le haghaidh na hAthléimneachta, sholáthair sé EUR 5 mhilliún chun soláthraithe athléimneacha seirbhísí poiblí áitiúla, go háirithe soláthraithe oideachais, a dhéanamh as bardais a bhfuil tionchar ag an gcogadh orthu chun tionchar áitiúil chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine a mhaolú.

In 2022, leithdháil an tAontas EUR 12 mhilliún chun tacú leis an oideachas agus leis an bhfostaíocht sa Mholdóiv, agus díriodh EUR 10 milliún de sin ar an oideachas chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ábharthacht an oideachais agus na ndeiseanna foghlama ar feadh an tsaoil do chách. Is é is aidhm don mhéid eile, is é sin EUR 2 mhilliún, feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil, ar bheartais agus ar an gcumas chun rochtain mhéadaithe a fháil ar mhargadh an tsaothair agus ar dhálaí oibre níos fearr sa tír.

Sa tSeoirsia, is é is aidhm don chlár maidir le scileanna nua a fhorbairt agus riachtanais mhargadh an tsaothair a mheaitseáil (EUR 48,5 milliún) tacú le scileanna a neartú chun riachtanais na hearnála príobháidí a mheaitseáil trí cháilíocht ghairmoideachais agus

ghairmoiliúna. In 2022 eisíocadh EUR 7 milliún faoin gcuid tacaíochta buiséid den chlár sin. Rinneadh dul chun cinn ar leith maidir le modheolaíocht nua a thabhairt isteach chun cáilíochtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna a fhorbairt chun córas na Seoirsia a thabhairt níos gaire do chaighdeáin an Aontais agus do chaighdeáin idirnáisiúnta.

Innéacsanna	TÁSCAIRÍ TRÍÚ PÁIRTÍ A BHAINNEANN LE STÁDAS AN DAONLATHAIS, AN DEA- RIALACHAIS AGUS AN SMACHT REACHTA I dTÍORTHA IS IARRTHÓIRÍ AGUS IARRTHÓIRÍ FÉIDEARTHA ⁶									
	An Albáin	An Bhoisnia agus an Heirseagaivé in	An Chosaiv	An Mhacadóin Thuaidh	Montainéag ró	An tSeirbia	An Tuirc	An tSeoirsia	An Mholdóiv	An Úcráin
Náisiúin i mbun Aistrithe 2023 – Scóir Dhaonlathais, Teach na Saoirse https://freedomhouse.org/count-ries/nations-transit/scores	An scór iomlán: 46/100 (2022: 46/100) Stádas: Réimeas Idirthréimhseach nó Hibrideach (2022: Réimeas Idirthréimhseach nó Hibrideach)	An scór iomlán: 37/100 (2022: 38/100) Stádas: Réimeas Idirthréimhseach nó Hibrideach (2022: Réimeas Idirthréimhseach nó Hibrideach)	An scór iomlán: 38/100 (2022: 38/100) Stádas: Réimeas Idirthréimhseach nó Hibrideach (2022: Réimeas Idirthréimhseach nó Hibrideach)	An scór iomlán: 48/100 (2022: 47/100) Stádas: Réimeas Idirthréimhseach nó Hibrideach (2022: Réimeas Idirthréimhseach nó Hibrideach)	An scór iomlán: 46/100 (2022: 47/100) Stádas: Réimeas Idirthréimhseach nó Hibrideach (2022: Réimeas Idirthréimhseach nó Hibrideach)	An scór iomlán: 46/100 (2022: 46/100) Stádas: Réimeas Idirthréimhseach nó Hibrideach (2022: Réimeas Idirthréimhseach nó Hibrideach)	neamhbhainteach	An scór iomlán: 34/100 (2022: 35/100) Stádas: Réimeas Idirthréimhseach nó Hibrideach (2022: Réimeas Idirthréimhseach nó Hibrideach)	An scór iomlán: 36/100 (2022: 35/100) Stádas: Réimeas Idirthréimhseach nó Hibrideach (2022: Réimeas Idirthréimhseach nó Hibrideach)	An scór iomlán: 39/100 (2022: 39/100) Stádas: Réimeas Idirthréimhseach nó Hibrideach (2022: Réimeas Idirthréimhseach nó Hibrideach)
Saoirse ar Domhan 2023 – Global Freedom Score [Scór um Shaoirse Dhomhanda], Freedom House https://freedomhouse.org/count-ries/freedom-world/scores	An scór iomlán: 67/100 (2022: 67/100) Stádas: Saor i bpáirt (2022: Saor i bpáirt)	An scór iomlán: 52/100 (2022: 53/100) Stádas: Saor i bpáirt (2022: Saor i bpáirt)	An scór iomlán: 60/100 (2022: 56/100) Stádas: Saor i bpáirt (2022: Saor i bpáirt)	An scór iomlán: 68/100 (2022: 67/100) Stádas: Saor i bpáirt (2022: Saor i bpáirt)	An scór iomlán: 67/100 (2022: 67/100) Stádas: Saor i bpáirt (2022: Saor i bpáirt)	An scór iomlán: 60/100 (2022: 62/100) Stádas: Saor i bpáirt (2022: Saor i bpáirt)	An scór iomlán: 32/100 (2022: 32/100) Stádas: Gan a bheith saor (2022: Gan a bheith saor)	An scór iomlán: 58/100 (2022: 58/100) Stádas: Saor i bpáirt (2022: Saor i bpáirt)	An scór iomlán: 62/100 (2022: 62/100) Stádas: Saor i bpáirt (2022: Saor i bpáirt)	An scór iomlán: 50/100 (2022: 61/100) Stádas: Saor i bpáirt (2022: Saor i bpáirt)
Democracy Index 2022 [Innéacs Daonlathais 2022] – The Economist Intelligence Unit https://www.eiu.com/n/campaigns/democracy-index-2022/	Scór Foriomlán: 6.41/10 (2021: 6.11/10) Rangú: 64/167 (2021: 68/167) Cineál réimis: Daonlathas lochtach (2021: Daonlathas lochtach)	Scór Foriomlán: 5.00/10 (2021: 5.04/10) Rangú: 97/167 (2021: 95/167) Cineál réimis: Réimeas hibrideach (2021: Réimeas hibrideach)	neamhbhainteach	Scór Foriomlán: 6.10/10 (2021: 6.03/10) Rangú: 72/167 (2021: 73/167) Cineál réimis: Daonlathas lochtach (2021: Daonlathas lochtach)	Scór Foriomlán: 6.45/10 (2021: 6.02/10) Rangú: 61/167 (2021: 74/167) Cineál réimis: Daonlathas lochtach (2021: Daonlathas lochtach)	Scór Foriomlán: 6.33/10 (2021: 6.36/10) Rangú: 68/167 (2021: 63/167) Cineál réimis: Daonlathas lochtach (2021: Daonlathas lochtach)	Scór Foriomlán: 4.35/10 (2021: 4.35/10) Rangú: 103/167 (2021: 103/167) Cineál réimis: Réimeas hibrideach (2021: Réimeas hibrideach)	Scór Foriomlán: 5.20/10 (2021: 5.12/10) Rangú: 90/167 (2021: 91/167) Cineál réimis: Réimeas hibrideach (2021: Réimeas hibrideach)	Scór Foriomlán: 6.23/10 (2021: 6.10/10) Rangú: 69/167 (2021: 69/167) Cineál réimis: Daonlathas lochtach (2021: Daonlathas lochtach)	Scór Foriomlán: 5.42/10 (2021: 5.57/10) Rangú: 87/167 (2021: 86/167) Cineál réimis: Réimeas hibrideach (2021: Réimeas hibrideach)

⁶ Léiríonn an tábla an rangú agus/nó na scóir is déanaí atá ar fáil ó thríú páirtithe. Taispeántar tagairt bhreise do shonraí ó mheasúnú roimhe seo idir lúibíní, nuair atá siad ar fáil.

World Press Freedom Index 2023 [Innéacs Saoirse an Phreasa ar Domhan 2023] – Tuairisceoirí gan Teorainneacha https://rsf.org/en/index	Scór Domhanda: 57.86/100 (2022: 56.41/100) Rangú: 96/180 (2022: 103/180)	Scór Domhanda: 65.43/100 (2022: 65.64/100) Rangú: 64/180 (2022: 67/180)	Scór Domhanda: 68.38/100 (2022: 67.00/100) Rangú: 56/180 (2022: 61/180)	Scór Domhanda: 74.35/100 (2022: 68.44/100) Rangú: 38/180 (2022: 57/180)	Scór Domhanda: 74.28/100 (2022: 66.54/100) Rangú: 39/180 (2022: 63/180)	Scór Domhanda: 59.16/100 (2022: 61.51/100) Rangú: 91/180 (2022: 79/180)	Scór Domhanda: 33.97/100 (2022: 41.25/100) Rangú: 165/180 (2022: 149/180)	Scór Domhanda: 61.69/100 (2022: 59.30/100) Rangú: 77/180 (2022: 89/180)	Scór Domhanda: 77.62/100 (2022: 73.47/100) Rangú: 28/180 (2022: 40/180)	Scór Domhanda: 61.19/100 (2022: 55.76/100) Rangú: 79/180 (2022: 106/180)
Innéacs Smacht Reachta 2022 – World Justice Project [Innéacs Domhanda Ceartais] https://worldjusticeproject.org/rule-of-law-index/global/2022/	Scór Foriomlán: 0.49/1 (2021: 0.49/1) Rangú Domhanda: 87/140 (2021: 83/139)	Scór Foriomlán: 0.52/1 (2021: 0.52/1) Rangú Domhanda: 70/140 (2021: 72/139)	Scór Foriomlán: 0.56/1 (2021: 0.55/1) Rangú Domhanda: 57/140 (2021: 60/139)	Scór Foriomlán: 0.53/1 (2021: 0.53/1) Rangú Domhanda: 63/140 (2021: 64/139)	neamhbhainteach	Scór Foriomlán: 0.49/1 (2021: 0.49/1) Rangú Domhanda: 83/140 (2021: 81/139)	Scór Foriomlán: 0.42/1 (2021: 0.42/1) Rangú Domhanda: 116/140 (2021: 117/139)	Scór Foriomlán: 0.60/1 (2021: 0.61/1) Rangú Domhanda: 49/140 (2021: 49/139)	Scór Foriomlán: 0.52/1 (2021: 0.51/1) Rangú Domhanda: 68/140 (2021: 73/139)	Scór Foriomlán: 0.50/1 (2021: 0.51/1) Rangú Domhanda: 76/140 (2021: 74/139)
Táscairí Rialachais Dhomhanda 2022 – An Smacht Reachta, Grúpa an Bhainc Dhomhanda http://info.worldbank.org/governance/wgi/	Rangú Peircintile: 47.17/100	Rangú Peircintile: 41.5/100	Rangú Peircintile: 39.62/100	Rangú Peircintile: 50.00/100	Rangú Peircintile: 48.58/100	Rangú Peircintile: 49.06/100	Rangú Peircintile: 36.79/100	Rangú Peircintile: 56.60/100	Rangú Peircintile: 41.98/100	Rangú Peircintile: 18.87/100
Worldwide Governance Indicators 2022 – Governance Effectiveness [Táscairí Rialachais Dhomhanda 2022 – Éifeachtacht Rialachais], Grúpa an Bhainc Dhomhanda http://info.worldbank.org/governance/wgi/	Rangú Peircintile: 56.60/100	Rangú Peircintile: 12.74/100	Rangú Peircintile: 44.34/100	Rangú Peircintile: 49.53/100	Rangú Peircintile: 51.42/100	Rangú Peircintile: 57.08/100	Rangú Peircintile: 43.87/100	Rangú Peircintile: 72.64/100	Rangú Peircintile: 40.57/100	Rangú Peircintile: 33.02/100

Worldwide Governance Indicators 2022 – Control of Corruption [Táscairí Rialachais Dhomhanda 2022] – Smacht ar Éilliú, Grúpa an Bhainc Dhomhanda http://info.worldbank.org/governance/wgi/	Rangú Peircintile: 38.68/100	Rangú Peircintile: 25.94/100	Rangú Peircintile: 47.17/100	Rangú Peircintile: 43.87/100	Rangú Peircintile: 50.94/100	Rangú Peircintile: 35.38/100	Rangú Peircintile: 34.91/100	Rangú Peircintile: 72.17/100	Rangú Peircintile: 42.92/100	Rangú Peircintile: 29.25/100
Innéacs Dearthaí Éillithe 2022 – Trédhearcacht Idirnáisiúnta https://www.transparency.org/en/cpi/2022	Scór: 36/100 (2021: 35/100) Rangú: 101/180 (2021: 110/180)	Scór: 34/100 (2021: 35/100) Rangú: 110/180 (2021: 110/180)	Scór: 41/100 (2021: 39/100) Rangú: 84/180 (2021: 87/180)	Scór: 40/100 (2021: 39/100) Rangú: 85/180 (2021: 87/180)	Scór: 45/100 (2021: 46/100) Rangú: 65/180 (2021: 64/180)	Scór: 36/100 (2021: 38/100) Rangú: 101/180 (2021: 96/180)	Scór: 36/100 (2021: 38/100) Rangú: 101/180 (2021: 96/180)	Scór: 56/100 (2021: 55/100) Rangú: 41/180 (2021: 45/180)	Scór: 39/100 (2021: 36/100) Rangú: 91/180 (2021: 105/180)	Scór: 33/100 (2021: 32/100) Rangú: 116/180 (2021: 122/180)

SONRAÍ STAIRIMH (ón 31/08/2023 ar aghaidh), cuid 1 (an Albáin – Montainéagró)

Déimeagrafaíocht	Nóta	An Albáin		An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin		An Chosaiv		An Mhacadóin Thuaidh		Montainéagró		AE- 27	
		2020	2021	2020	2021	2020	2021	2020	2021	2020	2021	2020	2021
Daonra iomlán (mílte)		2 846 s	2 830 s	:	:	1 782 s	1 798 s	2 076 s	2 069 s	622 s	621 s	447 485 s	447 001 bps
Sciar den daonra iomlán idir 15 agus 64 (%)		68.4 s	68.2 s	:	:	67.1 s	67.3 s	69.3 s	69.1 s	66.5 s	66.2 s	64.3 ps	64.1 bps
Garbhráta an athraithe daonra nádúrtha (in aghaidh gach 1 000 áitritheoir)		0.2	- 1.2	:	:	7.4 ep	:	- 3.2	- 5.1	- 0.3	- 3.4	- 2.5 ep	- 2.7 bep
Ionchas saoil tráth breithe, fireannaigh (blianta)		75.2	73.6	:	:	:	:	72.2	71.1 b	73.2	70.8	77.5 ep	77.2 bep
Ionchas saoil tráth breithe, bainearnaigh (blianta)		79.6	77.7	:	:	:	:	76.7	75.5 b	78.8	77.0	83.2 ep	82.9 bep

An margadh saothair	Nóta	2020	2021	2020	2021	2020	2021	2020	2021	2020	2021	2020	2021
An ráta gníomhaíochta eacnamaíche i measc daoine idir 20-64 bliana d'aois: sciar den daonra idir 20 agus 64 bliana d'aois atá gníomhach ó thaobh an gheilleagair de (%)													
Iomlán	1) 2) 3) 4) 5) 6) 7)	75.3 ew	75.1 ew	62.3 bw	63.4 bw	42.9 w	43.9 w	70.5	70.5 w	67.2	64.7 w	77.6	78.4 b
